# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/114 ÓN gCOIMISIÚN

**an 23 Eanáir 2025**

**lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheonaithe ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

## 1. NÓS IMEACHTA

### 1.1. Na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún ([2]) ('an rialachán bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleacht frithchúitimh ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín'). Na dleachtanna frithchúitimh atá i bhfeidhm faoi láthair, tá siad idir 3,9 % agus 17,2 % ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, gairtear 'an t-imscrúdú bunaidh' air anseo feasta.

(2) Tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gcás T-243/19, rinneadh na dleachtanna frithchúitimh a fhorchur arís ar Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd, i mí an Mhárta 2023 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/610 ([3]) ón gCoimisiún. An dleacht a forchuireadh arís, socraíodh í ar an leibhéal céanna agus a bhí sa Rialachán bunaidh. Dá bhrí sin, is iad na dleachtrátaí frithchúitimh atá i bhfeidhm faoi láthair na rátaí sin a bunaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 ón gCoimisiún ([4]), d'fhorchuir an Coimisiún bearta frithdhumpála cinntitheacha freisin ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh na Síne. Idir 9,9 % agus 70,1 % atá sna dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair.

### 1.2. Athbhreithniú éaga a thionscnamh

(4) An 17 Eanáir 2024, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga maidir le hallmhairí rothar leictreach isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ar bhonn Airteagal 18 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5]) ('an fógra tionscnaimh').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/72 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 16, 18.1.2019, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/72/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/610 ón gCoimisiún an 17 Márta 2023 lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a mhéid a bhaineann le Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gcás T-243/19 (IO L 80, 20.3.2023, lch. 54, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/610/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 an 17 Eanáir 2019 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 16, 18.1.2019, lch. 108, , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/73/oj).

([5]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frith-fhóirdheontais is infheidhme i dtaca le hallmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO C, C/2024/798, 17.1.2024, http://data.europa.eu/eli/C/2024/798/oj).

(5) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis athbhreithniú a chuir Cumann Monaróirí Rothar na hEorpa ('an iarraidh' agus 'an t-iarratasóir') isteach an 16 Deireadh Fómhair 2023 thar ceann thionscal rothar leictreach an Aontais de réir bhrí Airteagal 10(6) den bhun-Rialachán. San iarraidh, bhí fianaise gur dóchúil go rabhthas ag leanúint den fhóirdheonú agus go raibh an díobháil do thionscal an Aontais ag tarlú arís, agus ba leor í mar fhianaise chun údar a thabhairt leis an imscrúdú a thionscnamh.

(6) Sular tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne ([6]) go raibh iarraidh chuí-dhoiciméadaithe faighte aige, agus d'iarr sé ar Rialtas na Síne comhairliúcháin a dhéanamh leis i gcomhréir le hAirteagal 10(7) den bhun-Rialachán. Níor fhreagair Rialtas na Síne agus níorbh ann do chomhairliúcháin dá bhrí sin.

### 1.3. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(7) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar fhóirdheonú agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar na treochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go leanfar den díobháil nó go ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go deireadh thréimhse an imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

### 1.4. **Páirtithe leasmhara**

(8) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, táirgeoirí aitheanta uile de chuid an Aontais, táirgeoirí aitheanta sa tSín mar aon le húdaráis na Síne, allmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta, chomh maith le comhlachais, ar fios iad a bheith bainteach, ar an eolas faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála. Tháinig grúpa *ad hoc*, a bhí ag gníomhú thar ceann ocht gcuideachta san Aontas a chóimeálann páirteanna rothar leictreach, a allmhairítear ón tSín agus ó thríú tíortha eile, chun cinn san Aontas agus thug siad barúlacha. Níor bhain na barúlacha sin leis an tionscnamh ann féin agus pléitear iad i roinn 6 maidir le leas an Aontais thíos. D'iarr an grúpa sin éisteacht leis an gCoimisiún freisin, éisteacht a reáchtáladh an 30 Aibreán 2024.

### 1.5. **Sampláil**

(10) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán.

#### 1.5.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(11) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún gur chinn sé an t-imscrúdú a theorannú do líon réasúnta táirgeoirí de chuid an Aontais trí shampláil a chur i bhfeidhm. Is ar bhonn an mhéid táirgeachta ionadaíche is airde a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnach laistigh den am a bhí ar fáil a roghnaigh an Coimisiún an sampla.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil i leith an tsampla. Measadh go raibh an sampla ionadaíoch do thionscal an Aontais.

#### 1.5.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(13) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(14) Níor fhreagair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhoirm samplála.

([6]) Úsáidtear an téarma 'Rialtas na Síne' sa Rialachán seo sa chiall is leithne, lena n-áirítear an Chomhairle Stáit, chomh maith leis na hAireachtaí, na Ranna, na Gníomhaireachtaí agus na hÚdaráis ar fad ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil.

1.5.3. *Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín*

(15) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(16) Níor thug ach dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne freagra samplála agus measadh nach raibh gá le sampláil dá bhrí sin. Mar sin féin, bhí níos lú ná 0,1 % de thionscal rothar leictreach na Síne ag an dá chuideachta sin le chéile ó thaobh (i) onnmhairí chuig an Aontais, (ii) díolacháin intíre agus, (iv) acmhainneacht táirgeachta de chuid na Síne i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nárbh fhéidir a mheas go raibh an dá chuideachta sin ionadaíoch do thionscal rothar leictreach na Síne chun críoch imscrúdú an athbhreithnithe éaga agus nach dócha go mbeadh an fhaisnéis a bhain go sonracha lena gcuideachta ina bonn le torthaí ionadaíocha maidir leis na honnmhairí uile ón tSín chuig an Aontas.

(17) Dá réir sin, ba é conclúid an Choimisiúin nár leor an comhar ó tháirgeoirí rothar leictreach sa tSín chun torthaí ionadaíocha a bhaint amach agus chuir sé in iúl don dá chuideachta, agus d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus a thorthaí maidir le leanúint nó atarlú an fhóirdheonaithe agus na díobhála i ndáil le hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne a bhunú ar an fíorais a bhí ar fáil.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(18) D'iarr an Coimisiún ar an dá chuideachta a chuir freagra samplála ar fáil teagmháil a dhéanamh le seirbhísí an Choimisiúin i gcás ina raibh sé beartaithe acu freagra ar an gceistneoir a líonadh isteach cé nach raibh siad ionadaíoch do thionscal na rothar leictreach sa tSín (féach thuas). Tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú, cuireadh cóip de na ceistneoirí ar fáil sa chomhad le haghaidh imscrúdú ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Níor cuireadh isteach aon fhreagra ar an gceistneoir.

(19) An 12 Feabhra 2024, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Iarradh ar Rialtas na Síne ceistneoirí sonracha a chur ar aghaidh chuig (i) Corparáid Onnmhairiúcháin agus Árachais Creidmheasa na Síne ('Sinosure'), (ii) táirgeoirí agus dáileoirí inneall, ceallraí agus páirteanna agus comhpháirteanna eile le haghaidh rothair leictreacha agus (iii) bainc agus institiúidí airgeadais eile arb eol do Rialtas na Síne gur chuir siad iasachtaí ar fáil don tionscal lena mbaineann.

(20) Ní bhfuair an Coimisiún aon fhreagra ar na ceistneoirí thuasluaite. Dá réir sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne le Nóta Briathartha an 5 Aibreán 2024 go raibh sé beartaithe aige Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis a iarradh sna ceistneoirí a seoladh chuig Rialtas na Síne, agus d'iarr sé ar Rialtas na Síne barúil a thabhairt air sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(21) Lorg an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh an dócha go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go ndéanfar an athuair iad agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le leas an Aontais, agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis sin. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 26 den bhun-Rialachán:

***Táirgeoirí an Aontais***

— Cube Bikes, an Ghearmáin;

— Accell Hunland, an Ungáir;

— Cross, an Bhulgáir.

### 1.7. **Nochtadh**

(22) An 25 Deireadh Fómhair 2024, nocht an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe aige na dleachtanna frithchúitimh a choinneáil ar bun. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh maidir leis an nochtadh.

(23) Chuir roinnt páirtithe leasmhara barúlacha isteach, agus bhreithnigh an Coimisiún iad agus pléitear iad i ranna 2.3, 3.9 agus 6 thíos. Ceadaíodh éisteacht do pháirtí amháin a d'iarr a leithéid.

## 2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

### 2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(24) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge san imscrúdú bunaidh, is é sin rothair, a bhfuil troitheáin chuidithe acu, agus mótar cúntach leictreach ('rothair leictreacha'), atá faoi láthair faoi chóid AC 8711 60 10 agus ex 8711 60 90 (cód TARIC 8711 60 90 10).

### 2.2. **An táirge lena mbaineann**

(25) Is é an táirge a bhaineann leis an imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

### 2.3. **An táirge comhchosúil**

(26) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(27) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 2(c) den bhun-Rialachán.

(28) Tar éis an nochta, d'áitigh páirtí amháin gur cheart don Choimisiún a shonrú nár cheart a mheas gur táirge lena mbaineann iad na páirteanna a d'allmhairigh na hallmhaireoirí díolmhaithe agus/nó a allmhairíodh ó na honnmhaireoirí eachtracha díolmhaithe faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1279 ([7]) ón gCoimisiún . Dar leis an bpáirtí sin, páirteanna den táirge lena mbaineann atá le húsáid don táirge lena mbaineann, ba cheart a shoiléiriú nach bhfuil na páirteanna sin faoi réir dleachtanna frithchúitimh má allmhairítear ar leithligh iad.

(29) Mheas an Coimisiún nach raibh údar leis an soiléiriú sin ós rud é nach gcumhdaítear páirteanna leis na bearta atá faoi réir an athbhreithnithe seo. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1279 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2024 maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar pháirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialacháin (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1279, 21.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1279/oj).

## 3. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN FHÓIRDHEONÚ

(30) I gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, agus mar a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh, scrúdaigh an Coimisiún an dócha go leanfar den fhóirdheonú de bharr dhul in éag na mbeart atá ann cheana.

### 3.1. Neamh-chomhoibriú agus úsáid na bhfíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den bhun-Rialachán

(31) An 12 Feabhra 2024, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Iarradh ar Rialtas na Síne ceistneoirí sonracha a chur ar aghaidh chuig (i) Corparáid Onnmhairiúcháin agus Árachais Creidmheasa na Síne ('Sinosure'), (ii) táirgeoirí agus dáileoirí inneall, ceallraí agus páirteanna agus comhpháirteanna eile le haghaidh rothair leictreacha agus (iii) bainc agus institiúidí airgeadais eile arb eol do Rialtas na Síne gur chuir siad iasachtaí ar fáil don tionscal lena mbaineann.

(32) Ní bhfuair an Coimisiún aon fhreagra ar na ceistneoirí thuasluaite. Dá réir sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne le Nóta Briathartha an 5 Aibreán 2024 go raibh sé beartaithe aige Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis a iarradh sna ceistneoirí a seoladh chuig Rialtas na Síne, agus d'iarr sé ar Rialtas na Síne barúil a thabhairt air sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(33) Ós rud é nár leor an comhar ó tháirgeoirí rothar leictreach sa tSín chun teacht ar thorthaí ionadaíocha chun críoch an athbhreithnithe éaga seo (féach aithrisí (16) agus (17) thuas) agus i bhfianaise na heaspa comhair ó Rialtas na Síne agus ó pháirtithe ábhartha eile sa tSín ar iarradh orthu faisnéis a sholáthar mar a shonraítear thuas, chuaigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán, i muinín na bhfíoras a bhí ar fáil chun an dóchúlacht go leanfaí d'fhóirdheonú thionscal na rothar leictreach sa tSín a shuí.

(34) Dá réir sin, d'úsáid an Coimisiún na fíorais uile a bhí ar fáil dó ina anailís, go háirithe:

(a) an fhaisnéis a bhí san iarraidh;

(b) torthaí an Choimisiúin san imscrúdú bunaidh mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72;

(c) torthaí na n-imscrúduithe frith-fhóirdheontais is déanaí a rinne an Coimisiún maidir le tionscail spreagtha sa tSín, amhail páipéar mín brataithe ([8]) (imscrúdú PMB), cruach chomhréidh theorollta ([9]) (imscrúdú CCT), filiméid snáithín gloine (imscrúdú FSG) ([10]), agus cáblaí snáthoptaice (imscrúdú CSO) ([11]) inar scrúdaíodh fóirdheontais den chineál céanna;

(d) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch imscrúduithe maidir le cosaint trádála ('an Tuarascáil faoin tSín') ([12]).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1647 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun athbhreithniú éaga faoi Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 207, 22.8.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1647/oj).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1123 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 148, 8.6.2023, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1123/oj).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/328 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 65, 25.2.2021. lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/328/oj).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne, (IO L 12, 19.1.2022, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/72/oj).

([12]) SWD (2024)91 final, 10.4.2024.

### 3.2. **Barúlacha tosaigh maidir leis an tionscal rothar leictreach sa tSín**

(35) San imscrúdú bunaidh shuigh an Coimisiún fís Rialtas na Síne chun príomhthionscail a fheabhsú agus a chur chun cinn, amhail an tionscal rothar leictreach, trí roinnt pleananna a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal áitiúil agus an leibhéal earnálach. Go háirithe, bhí feithiclí fuinnimh nua san áireamh sa 13ú Plean Cúig Bliana le haghaidh Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta na Síne lenar cumhdaíodh na blianta 2016-2020 ('an 13ú Plean Cúig Bliana') ([13]), agus sainaithníodh go sonrach gur príomhthionscail iad an tionscal rothar agus an tionscal cadhnraí sa Phlean um Fhorbairt an Tionscail Éadroim le haghaidh na tréimhse céanna (2016-2020), plean a d'ullmhaigh Rialtas na Síne chun an 13ú Plean Cúig Bliana a chur chun feidhme, agus sa straitéis 'Made in China 2025'.

(36) Mar a shonraítear sa Rialachán bunaidh ([14]), faoin bPlean um Fhorbairt an Tionscail Éadroim, bhí 'Innealtóireacht Athchóirithe Teicneolaíochta' ag teastáil ó thionscal na rothar agus na rothar leictreach trí mheán 'Tionsclú rothar déanta as ábhair nua, claochlú teicniúil líne táirgeachta na rothar leictreach atá cliste, neamhdhíobhálach don chomhshaol agus éifeachtúil, agus páirteanna ríthábhachtacha'. Moladh sa Phlean sin freisin 'Tionscal na rothar a chur chun cinn chun forbairt a dhéanamh ar bhealach éadrom, éagsúlaithe, faiseanta agus cliste. Dlús a chur leis an taighde agus an fhorbairt agus le cur i bhfeidhm i gcás ábhair éadroma ardnirt, tarchuir, córas tiomána, fuinnimh nua, teicneolaíochta braite cliste agus theicneolaíocht Idirlíon na nEarraí. Díriú ar rothair éagsúlaithe a fhorbairt atá oiriúnach d'úsáidí faiseanta agus ócáideacha, d'aclaíocht agus corpacmhainn, do thurais trastíre fadraoin agus atá infhillte ar bhealach ardfheidhmíochta, agus na rothair leictreacha sin a bheith ag teacht le rothair leictreacha chaighdeánacha chliste ina bhfuil ceallraí ian litiam'. Thairis sin, liostaíodh sa Phlean um Fhorbairt an Tionscail Éadroim roinnt beart nithiúil beartais chun príomhthionscail a chur chun cinn, amhail an tionscal rothar leictreach agus an tionscal ceallraí. Tagraíodh ann go háirithe do bhearta amhail an méadú ar athchóiriú ar rochtain ar an margadh, méadú ar thacaíocht ón mbeartas cánach airgeadais chomh maith le tacaíocht airgeadais.

(37) Thairis sin, ar leibhéal sonrach an tionscail rothar, an 13ú Plean Cúig Bliana don Tionscal Rothar agus Rothar Leictreach (2016-2020), arna eisiúint ag Cumann Rothar na Síne, áiríodh ann an tionscal rothar i measc na dtionscal atá ag teacht chun cinn agus luadh an méid seo a leanas ann: *'na tionscail atá ag teacht chun cinn, cuireadh chun cinn iad ar leibhéal na straitéise náisiúnta, amhail fuinneamh nua, ábhar nua, an t-idirlíon, caomhnú fuinnimh agus cosaint an chomhshaoil, agus teicneolaíocht na faisnéise, agus mar sin níl aon dul as ach go rachaidh tionscail thraidisiúnta isteach sa lucht meánleibhéil agus ardleibhéil*. Go háirithe, tar éis é a bheith curtha chun cinn sa Chúigiú Mórsheisiún go ndéanfaí '*forbairt tráchta agus iompair ísealcharbóin a chur chun cinn agus taisteal glas ar rothar a spreagadh', is cinnte go mbainfidh an tionscal rothar leas as deiseanna forbartha stairiúla nua*.' Luaitear freisin sa 13ú Plean Rothar go gcoinneofar '*scála onnmhairiúcháin rothar agus páirteanna spártha ar leibhéal cobhsaí agus go laghdófar onnmhairiú rothar leictreach go mór. Neartófar comhtháthú an tionscail a thuilleadh agus beidh méid an aschuir a bhaineann leis na príomhfhiontair os cionn 50 %. Déanfaidh an tionscal 3-5 bhraisle tionscail agus réigiúin shainiúla a chothú, a thógáil agus a fheabhsú i gcomhar le chéile. Tiocfaidh méadú ar chion na rothar meánleibhéil agus ardleibhéil agus na rothar ceallraí litiam gach bliain*. Ar cheann de na príomhchúraimí a bhí sa Phlean, bhí *leanúint d'fhorbairt rothar éagsúil, brandáilte agus ardleibhéil sa tionscal a chur chun cinn, agus cion na ndaoine a thaistealaíonn ar rothair agus cion na rothar meánleibhéil agus ardleibhéil a mhéadú de réir a chéile; rothair éadroma, ceallraí litiam agus leictreacha cliste a fhíorú, agus an sciar den mhargadh atá ag rothair ceallraí litiam agus cion onnmhairithe na rothar leictreach a fheabhsú i gcónaí* ([15]).

(38) Thairis sin, le 'Catalóg na Tionscadal Infheistíochta atá faoi réir Fhíorú agus Fhormheas an Rialtais', chuir Rialtas na Síne in iúl go raibh tosaíocht mhéadaithe á tabhairt d'fheithiclí fuinnimh malartacha, lena n-áirítear rothair leictreacha: 'Déanfar dianrialú ar acmhainneacht táirgeachta lena méadaítear líon na bhfeithiclí traidisiúnta faoi thiomáint breosla sa chaoi nach ndéanfar, i bprionsabal, monaróirí nua feithiclí traidisiúnta faoi thiomáint breosla a fhíorú ná a fhormheas a thuilleadh le haghaidh tógála. Déanfar iarrachtaí chun forbairt shláintiúil ordúil feithiclí fuinnimh mhalartaigh a threorú go gníomhach' ([16]).

(39) Chomh maith leis sin, in 'Made in China 2025', i gCinneadh Uimh. 40 agus san Achoimre Náisiúnta ar Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta Mheántéarmach agus Fhadtéarmach (2006-2020), sainaithníodh tionscal na rothar leictreach mar phríomhthionscal straitéiseach/spreagtha ar cheart tosaíocht a thabhairt dá fhorbairt agus tacú leis ([17]).

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72, aithrisí (97) go (100).
([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún, aithrisí (101) go (106).
([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72, aithrisí 109 go 113.
([16]) Ibid, aithris (114).
([17]) Ibid, aithris (129).

(40) Thairis sin, suíodh leis an imscrúdú bunaidh nach amháin gur chuir Rialtas na Síne tionscal na rothar leictreach chun cinn ach gur chuir sé a bpáirteanna chun cinn freisin, go háirithe innill agus ceallraí ([18]) trí phleananna éagsúla ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus earnála. Go háirithe, rinneadh tagairt shainráite sa 13ú Plean Cúig Bliana do thacaíocht d'fhorbairt stórála fuinnimh ardéifeachtúlachta agus liostaíodh tionscal na gceallraí mar phríomhthionscal sa Phlean um Fhorbairt an Tionscail Éadroim. Ina theannta sin, liostaíodh páirteanna rothair, go háirithe ceallraí agus miotail éadroma le haghaidh frámaí, mar thionscail spreagtha sa 'Catalóg Treorach maidir le Tionscail Infheistíochta Eachtraí' agus i gCatalóg na dTionscal Tosaíochta maidir le hInfheistíocht Eachtrach i Lár na Síne agus in Iarthar na Síne. Ar deireadh, bhí cadhnraí ian litiam mar chuid den liosta tionscail spreagtha sa Chatalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú.

(41) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa rialachán bunaidh gur measadh gur príomhthionscail/tionscail straitéiseacha iad tionscal na rothar leictreach agus tionscal páirteanna rothair, ar thug Rialtas na Síne faoina bhforbairt go gníomhach mar chuspóir beartais ([19]).

(42) Deimhníodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga gur lean Rialtas na Síne de thacaíocht ghníomhach a thabhairt d'fhorbairt thionscal na rothar leictreach agus na bpáirteanna rothair, agus meastar fós gur príomhthionscail sa tSín iad trí dhoiciméid bheartais agus reachtaíocht éagsúil, mar a leagtar amach thíos.

***An 14ú Plean Cúig Bliana***

(43) Sa 14ú Plean Cúig Bliana don tréimhse 2021 go 2025, leagtar béim ar fhís straitéiseach Rialtas na Síne chun príomhthionscail a fheabhsú agus a chur chun cinn ([20]). De réir Chaibidil I de, ar cheann de na príomhlínte forbartha tá uasghrádú an struchtúir thionsclaíoch thraidisiúnta a chur chun cinn agus 'an réabhlóid theicneolaíoch agus an claochlú tionsclaíoch' a dhoimhniú. Déantar an smaoineamh sin a mhíniú a thuilleadh i gCaibidil IV, arb é is aidhm di córas tionsclaíoch nua-aimseartha barrfheabhsaithe a fhorbairt arb é is cuspóir dó 'cumhacht monaraíochta' a dhéanamh den tSín. Ionas gur féidir le tionscail atá ag teacht chun cinn 'méadú go tapa agus leathnú', tacaíonn an plean le forbairt agus cuireann sé táirgeadh 'feithiclí nuafhuinnimh agus táirgí glasa atá neamhdhíobhálach don chomhshaol' chun cinn, de réir mar a bhí cheana sa 13ú Plean Cúig Bliana.

(44) Cuirtear an 14ú Plean Cúig Bliana chun feidhme a thuilleadh trí phleananna áitiúla agus earnála, lena leagtar síos treo na mbeartas atá le cur chun feidhme chun tionscail agus earnálacha straitéiseacha a fhorbairt.

(45) Chomh maith leis an 14ú Plean Cúig Bliana, cuireann gach leibhéal fo-lárnach i bhfeidhm é le pleananna cúigeacha agus áitiúla chun gníomhaíocht éifeachtach a áirithiú. Go sonrach:

(46) Sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid chúige Tianjin maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail monaraíochta, déantar foráil maidir leis an gclaochlú luathaithe go 'cathair láidir mhonaraíochta' ([21]). Measann Tianjin gur 'tionscal buntáisteach' í earnáil na rothar/rothar leictreach, agus nach mór í a fhorbairt 'go bríomhar' ([22]). Is príomhthosaíocht ag Tianjin iad feithiclí fuinnimh nua freisin, ós rud é gur mian leis an gcúige sin feithiclí coigilte fuinnimh agus feithiclí fuinnimh nua a fhorbairt. Tá coinne leis go ndéanfar le plean Chúige Tianjin tionscal na gceallraí ian litiam a leathnú trí ábhair a fhorbairt, amhail nicil, graifít agus sileacan carbóin, d'fhonn a gcur i bhfeidhm i bhfeithiclí nua fuinnimh a luathú. Is réimse ar a ndírítear tacaíocht freisin iad ábhair eile a bhaineann le táirgeadh rothar leictreach, amhail leatháin chóimhiotail alúmanaim mhaignéisiam le haghaidh páirteanna, e.g. moil rotha, cruach ardleibhéil le haghaidh slata cruach agus sreanga cruach ([23]). Chun tacú leis an 14ú Plean 5 Bliana, d'fhoilsigh Oifig Gnóthaí Eachtracha Dhaon-Rialtas Bardasach Tianjin liosta de 33 dhreasacht bheartais le haghaidh feabhas eacnamaíoch sa chéad ráithe de 2023, lena n-áirítear fóirdheontais suas le ¥ 50 milliún in aghaidh na cuideachta ([24]).

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún, aithrisí 116 go 128.
([19]) Ibid, aithris (130).
([20]) NPC, 2021, Achoimre ar an 14ú Clár Cúig Bliana d'Fhorbairt Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta Dhaon-Phoblacht na Síne agus Fís Fhadtéarmach 2035, ar fáil ar: http://www.gov.cn/xinwen/2021-03/13/content_5592681.htm (arna rochtain: 22.11.2023) (i Sínis).
([21]) '14ú Plean Cúig Bliana' um Fhorbairt Ardchaighdeáin an Tionscail Monaraíocht in Tianjin.
([22]) Ibid., leathanaigh 23/24.
([23]) Ibid., leathanaigh 14/20.
([24]) 33 Dhreasacht Bheartais ó Tianjin le haghaidh Feabhsú Eacnamaíoch in R1 2023, míreanna 10, 17, 18.

(47) Tá sprioc leagtha amach le Plean forbartha ardchaighdeáin an tionscail monaraíochta i gCúige Jiangsu le linn an 14ú Plean Cúig Bliana go mbeidh forbairt na dtionscal monaraíochta faoi bhláth. Tá feithiclí fuinnimh nua ar cheann de na príomhthosaíochtaí tionsclaíocha, a dtacóidh cláir T&F agus spreagadh cumasc agus éadálacha leo ([25]). Meastar gur croítháirgí d'fheithiclí leictreacha iad ceallraí ian litiam agus tacófar lena bhforbairt trí chláir T&F a sholáthar ([26]).

(48) Leis an bplean gníomhaíochta chun dul chun cinn seasta agus feabhsú cáilíochta an gheilleagair thionsclaíoch i gCúige Zhejiang a chur chun cinn, déantar foráil maidir leis an slabhra tionsclaíoch a threisiú agus béim á leagan ar thionscail áirithe, lena n-áirítear feithiclí nua fuinnimh. Tá feithiclí nua fuinnimh ar cheann de na seacht n-earnáil is fiche atá chun tacaíocht airgeadais a fháil ó Chúige Zhejiang ([27]).

(49) Sa Phlean Gníomhaíochta chun braislí tionscal colúin straitéiseacha de Thionscal Éadrom Nua-Aimseartha agus Teicstílí i gCúige Guangdong (2021-2025) liostaítear córais tarchurtha rothar i measc na bpríomhtheicneolaíochtaí agus na bpríomhábhar sna príomhthionscail an tionscal éadrom nua-aimseartha agus an tionscal teicstíle. Liostaítear cúig chathair i gCúige Guangdong sa phlean a ndéanfar 'gleannta rothair' Síneacha astu (i.e. Guangzhou, Shenzhen, Huizhou, Dongguan agus Zhongshan) ([28]).

(50) Ar leibhéal an tionscail áirithe sin, d'eisigh Cumann Rothar na Síne an 14ú Plean Cúig Bliana don Tionscal Rothar agus Rothar Leictreach chun an bealach a réiteach le go leathnófar rothair agus rothair leictreacha Síneacha chuig margaí eachtracha. Mar a deimhníodh san imscrúdú ([29]) bunaidh freisin, is comhlacht poiblí é Cumann Rothar na Síne de réir bhrí Airteagal 2(b) den bhun-Rialachán. Is fochuideachta de Chomhairle Náisiúnta Thionscal Éadrom na Síne, iar-Aireacht an Tionscail Éadrom, é Cumann Rothar na Síne. Chomh maith leis sin, tá naisc dhochta ag Bord Stiúrthóirí Chumann Rothar na Síne le Rialtas na Síne. Thairis sin, an príomhoifigeach feidhmiúcháin nó an cathaoirleach ar Fhiontar faoi Úinéireacht Stáit nó ar chumann rothar, ní mór comhalta de Pháirtí Cumannach na Síne a bheith ann i gcónaí. Fiú amháin ar bhoird cuideachtaí príobháideacha rothar leictreach, atá ina gcomhalta de Chumann Rothar na Síne agus atá ar Bhord Chumann Rothar na Síne, ní mór go mbeadh comhaltaí de Pháirtí Cumannach na Síne ann i gcónaí, rud a dhearbhaíonn nádúr Chumann Rothar na Síne mar chomhlacht poiblí.

(51) De réir an 14ú Plean Rothar, déanfar an staid fhoriomlán maidir le forbairt thionscal na rothar/rothar leictreach a bhainistiú trí athchóirithe ar 'bhealach láraithe', agus trí dhíriú ar an sprioc ghinearálta maidir le feabhsú cáilíochta, feabhsú éifeachtúlachta, agus tír ina bhfuil tionscal cumhachtach rothar/rothar leictreach a uasghrádú agus a thógáil. Leagtar síos sa Phlean freisin spriocanna chun líon láidir onnmhairí rothar/rothar leictreach a choinneáil ar bun agus chun feabhas a chur ar an sciar den mhargadh idirnáisiúnta atá ag táirgeoirí Síneacha ([30]). Ba cheart na spriocanna sin a bhaint amach trí bheartais tacaíochta a chur chun feidhme, amhail cistí speisialta a dheonú chun tacú le forbairt thionscal na rothar/rothar leictreach ([31]).

(52) Déantar cur síos sa 14ú Plean Cúig Bliana do Rothair agus Rothair Leictreacha ar thrí ghné d'fhorbairt thionscal rothar/rothar leictreach na Síne le haghaidh tréimhse atá níos faide ná an 14ú tréimhse 5 bliana: (i) faoi 2025, déanfar cruthú náisiúin mhóir rothar/rothar leictreach a chomhdhlúthú trí nuachóiriú; (ii) faoi 2035, beidh tionscal rothar/rothar leictreach na Síne ar an bpríomhchumhacht sa mhargadh idirnáisiúnta; (iii) faoi lár an chéid, beidh an tSín ina táirgeoir rothar/rothar leictreach ar a mbeidh '*stádas náisiúin láidir ó thaobh rothar/rothar leictreach de*' ([32]). Chomh maith leis an bplean náisiúnta ginearálta don tionscal rothar/rothar leictreach, déantar foráil sa 14ú Plean Cúig Bliana do Rothair agus Rothair Leictreacha maidir le 'straitéisí forbartha comhordaithe réigiúnacha' ([33]). Treoraítear deich réigiún agus gcúige ([34]) chun an leagan amach tionsclaíoch atá beartaithe a dhéanamh chun táirgeadh rothar leictreach, rothar agus páirteanna rothair a chur chun cinn d'fhonn a bheith ag oibriú ar leibhéal domhanda.

([25]) Plean forbartha ardchaighdeáin an tionscail monaraíochta i gCúige Jiangsu, leathanach 42.
([26]) *Ibidem*, leathanach 27.
([27]) An Plean Gníomhaíochta maidir le Dul Chun Cinn Seasta agus Feabhsú Cáilíochta an Gheilleagair Thionsclaíoch a Chur Chun Cinn i gCúige Zhejiang, leathanaigh 2 agus 15.
([28]) Plean Gníomhaíochta chun Braislí Tionscal Colúin Straitéiseach de Thionscal Éadrom Nua-Aimseartha agus Teicstílí a Fhorbairt i gCúige Guangdong (2021-2025), leathanaigh 12 agus 15.
([29]) Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) 2019/72 ('an t-imscrúdú bunaidh maidir le *rothair leictreacha ón tSín*').
([30]) An 14ú Plean 5 Bliana do Rothair agus Rothair Leictreacha, leathanaigh 3-4 agus 13-14. Ar fáil ar líne ar: https://m.fx361.com/news/2021/1104/9062073.html.
([31]) Ibid., leathanaigh 59 agus 62-63.
([32]) Ibid, leathanaigh 27 agus 28.
([33]) Ibid., leathanaigh 35-37.
([34]) Tianjin, Crios Comhfhorbartha Rothar agus Páirteanna Rothair Wuqing, Cúige Hebei, Cúige Jiangsu, Bonn Onnmhairiúcháin Rothar Suzhou, Cúige Zhejiang, Crios Comhchruinnithe Táirgthe agus Onnmhairiúcháin Rothar Leictreach Taizhou, Cúige Guangdong, Bonn Tionscail Deartha agus T&F Foshan le haghaidh Rothair Spóirt agus Cúige Guangxi.

(53) Doiciméad beartais tábhachtach eile is ea na Tuairimí Treorach maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Éadrom a Chur Chun Cinn, lena bhforáiltear do roinnt beart tacaíochta do thionscal rothar, rothar leictreach agus comhpháirteanna na Síne ([35]). Is é is aidhm do na Tuairimí nuálaíocht agus monarú gach cineáil rothar agus rothar leictreach a spreagadh agus táirgeadh ceallraí a fhorbairt don chlaochlú digiteach agus glas. Bainfear é sin amach trí bhearta tacaíochta fioscacha agus airgeadais, trí bhraislí tionsclaíocha comhtháite a chruthú, agus trí bhuntáistí a dheonú trí na beartais 'Crios Amháin, Bóthar Amháin' agus 'Going Global' ([36]).

***Made in China 2025***

(54) Is beartas tionsclaíoch faoi stiúir an Stáit é 'Made in China 2025' a fhéachann leis an tSín a dhéanamh ceannasach i monaraíocht ardteicneolaíochta dhomhanda trí fhóirdheontais rialtais, Fiontair faoi Úinéireacht Stáit, agus éadáil maoine intleachtúla, agus ar an gcaoi sin dul in ionad acmhainneacht eachtrach ([37]). Fuair Oifig Ionadaí Trádála na Stát Aontaithe amach freisin gur bhunaigh Stát na Síne cistí a raibh os cionn USD 500 billiún ar fáil dóibh chun tacú leis na tionscail shainaitheanta ([38]).

(55) Áirítear sa Bheartas 'Made in China 2025' bearta a bhaineann go díreach le monarú rothar leictreach trí na cúraimí straitéiseacha atá le cur chun feidhme faoi 2025 a liostú, lena n-áirítear dlús a chur leis 'na hiarrachtaí maidir le taighde agus forbairt a dhéanamh ar theicneolaíocht, próiseas agus trealamh ardleibhéil a bhaineann le coigilt fuinnimh agus le cosaint an chomhshaoil', 'taighde agus forbairt táirgí glasa' a neartú, 'teicnící éadroma nach n-úsáideann mórán fuinnimh agus atá éasca le hathchúrsáil a fhorleathnú, éifeachtúlacht fuinnimh na dtáirgí deiridh a úsáideann fuinneamh a chur chun cinn i gcónaí, lena n-áirítear mótair, coirí, innill dócháin inmheánaigh agus fearais leictreacha, […] agus forbairt ghlas agus ísealcharbóin thionscal na n-ábhar nua, an tionscail fuinnimh nua, agus an tionscail trealaimh ardleibhéil a chur chun cinn go fuinniúil' ([39]).

***Cinneadh Uimh. 40***

(56) Is doiciméad dlíthiúil é Cinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit a eisíodh in 2005 arb é is aidhm dó coigeartuithe ar struchtúr tionsclaíoch a chur chun cinn sa tSín trí fhorbairt tionscal ardteicneolaíochta a spreagadh agus trí dheireadh a chur le hacmhainneacht táirgeachta atá as dáta ([40]). Le 'Catalóg Treorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch', ar beart é chun Cinneadh Uimh. 40 a chur chun feidhme, soláthraítear treoraíocht ríthábhachtach do Rialtas na Síne le haghaidh tionscadail infheistíochta agus ceaptar agus forfheidhmítear beartais maidir le hairgeadas poiblí, cánachas, creidmheas, allmhairiú agus onnmhairiú, chomh maith le talamh ([41]).

(57) Le Cinneadh Uimh. 40, atá ceangailteach ó thaobh dlí ar chomhlachtaí poiblí agus ar oibreoirí eacnamaíocha sa tSín, aicmítear earnálacha tionsclaíocha éagsúla i dtrí chatagóir, is iad sin: tionscadail spreagtha, tionscadail shrianta agus tionscadail thoirmiscthe. Faoi Chinneadh Uimh. 40, sainaithnítear roinnt earnálacha ábhartha mar earnálacha spreagtha, a fhaigheann roinnt fóirdheontas ina dhiaidh sin (tugann an Chomhairle Stáit treoir d'institiúidí airgeadais uile na Síne tacaíocht chreidmheasa a sholáthar agus geallann sí go gcuirfear chun feidhme 'beartais fhabhracha eile maidir leis na tionscadail spreagtha'). Go háirithe, aicmítear ceallraí agus ábhair éadroma faoin gcatagóir 'spreagtha' (faoi Chaibidil XIX) in eagrán 2019 den Chatalóg Threorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch ([42]).

([35]) Tuairimí Treorach maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Éadroim a Chur Chun Cinn, 2022, ar fáil ar líne ar: http://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-06/19/content_5696665.htm.

([36]) *Ibidem*, pointí 17, 18, 20, 21 agus 23.

([37]) Fógra ón gComhairle Stáit maidir le foilsiú 'Made in China 2025', ar fáil ag: https://cset.georgetown.edu/wp-content/uploads/t0432_made_in_china_2025_EN.pdf.

([38]) Ionadaí Trádála na Stát Aontaithe, '2019 Report to Congress On China's WTO Compliance' [*Tuarascáil 2019 chuig an gComhdháil maidir le Comhlíonadh EDT na Síne*], Márta 2020, lch. 31 (ar fáil ar: https://ustr.gov/sites/default/files/2019_Report_on_China%E2%80%99s_WTO_Compliance.pdf).

([39]) Fógra ón gComhairle Stáit maidir le foilsiú 'Made in China 2025', ar fáil ag: https://cset.georgetown.edu/wp-content/uploads/t0432_made_in_china_2025_EN.pdf.

([40]) Ar fáil ar http://www.asianlii.org/cn/legis/cen/laws/tpopisa783/

([41]) Cinneadh ón gComhairle Stáit maidir le Cur i bhFeidhm agus Cur Chun Feidhme na bhForálacha Sealadacha maidir le Coigeartuithe ar an Struchtúr Tionsclaíoch a Chur chun Cinn, Uimh. 40 (2005); An Chatalóg Threorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch (2019) (ar fáil ar: https://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf).

([42]) An Chatalóg Threorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch (2019), lch. 17 (ar fáil ar: https://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf).

(58) Thairis sin, tá páirteanna rothar, agus go háirithe ceallraí agus miotail éadroma le haghaidh frámaí, ina gcuid de liosta na 'tionscal spreagtha' i gCatalóg na dTionscal chun Infheistíocht Eachtrach a Spreagadh (Leagan 2020) ([43]).

***Conclúidí***

(59) Bunaithe ar an méid thuas agus in éagmais aon fhaisnéise a thabharfadh a mhalairt le fios, fágann sé go bhfuil rothair leictreacha agus a slabhra soláthair fós ina gcuid de na tionscail spreagtha ag Rialtas na Síne agus, mar thoradh air sin, ina dtairbhí de thacaíocht leanúnach Rialtas na Síne lena n-áirítear rochtain ar mhaoiniú fabhrach, díolúintí cánach, ionchuir ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach (talamh, ceallraí, innill, etc.) chomh maith le rochtain ar chláir deontais ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil araon.

### 3.3. **Fóirdheontais agus cláir fhóirdheontais a scrúdaíodh san athbhreithniú éaga seo**

(60) I bhfianaise na heaspa comhair, chinn an Coimisiún scrúdú a dhéanamh faoi Airteagal 28 den bhun-Rialachán, ar an gcéad dul síos, ar lean na fóirdheontais a frithchúitíodh san imscrúdú bunaidh agus dá dtagraítear san iarraidh ar athbhreithniú éaga de bheith ag dul chun sochair do thionscal na rothar leictreach sa tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus, ar an dara dul síos, ar an dóchúlacht go leanfaí den fhóirdheonú má ligtear do na bearta dul in éag.

(61) Is iad seo a leanas na fóirdheontais nó na cláir fóirdheontais sin:

(a) Maoiniú fabhrach

*Iasachtaí agus línte creidmheasa*

(b) Árachas creidmheasa onnmhairiúcháin

(c) Soláthar earraí ag an rialtas ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach

*Soláthar inneall ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach*

*Soláthar ceallraí ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach*

*Soláthar ceart úsáide talún ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach*

(d) Cláir um dhíolúine ó cháin dhíreach agus um laghdú cánach

*Pribhléidí maidir le Cáin Ioncaim Fiontar (CIF) d'Fhiontair Ardteicneolaíochta agus Teicneolaíochta Nua*

*Fritháireamh CIF le haghaidh speansais taighde agus forbartha*

*Díolúine ó cháin ar ioncam ó dhíbhinní idir fiontair chónaithe cháilithe*

(e) Cláir um Cháin Indíreach agus um Tharaifí Allmhairí

*Díolúintí CBL agus lacáistí taraife allmhairiúcháin chun úsáid a bhaint as trealamh agus teicneolaíocht allmhairithe*

(f) Cláir deontais

*Deontais ad hoc arna soláthar ag údaráis bhardasacha/réigiúnacha*

### 3.4. **Maoiniú fabhrach (iasachtaí, línte creidmheasa)**

#### 3.4.1. *Torthaí an imscrúdaithe bunaidh*

(62) San imscrúdú bunaidh ([44]), shuigh an Coimisiún gur chomhlachtaí poiblí iad bainc faoi úinéireacht an Stáit toisc gur chomhlíon siad feidhmeanna rialtais agus, le linn dóibh déanamh amhlaidh, gur fheidhmigh siad údarás an rialtais. Mar mhalairt air sin, chinn an Coimisiún freisin gur chuir Rialtas na Síne de chúram ar na bainc sin agus gur thug sé treoraíocht dóibh feidhmeanna a chomhlíonadh a dhílsítear de ghnáth don rialtas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán.

([43]) Catalóg na dTionscal Spreagtha le haghaidh Infheistíocht Eachtrach, pointí 129, 268, 269, 271 agus 304 (Eagrán 2022), le fáil ar: https://www.china-briefing.com/news/wp-content/uploads/2021/01/Catalogue-of-Encouraged-Industries-for-Foreign-Investment-Edition-2020.pdf)

([44]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún, Roinn 3.5.1.

(63) Shuigh an Coimisiún freisin, ar bhonn an chreata dhlíthiúil normataigh a bhfuil feidhm aige maidir leis an earnáil airgeadais sa tSín, go háirithe Airteagal 34 den Dlí maidir le Baincéireacht Tráchtála, Airteagal 15 de na Rialacha Ginearálta maidir le hIasachtaí agus Cinneadh Uimh. 40, gur cuireadh de chúram ar bhainc thráchtála faoi úinéireacht phríobháideach sa tSín nó gur ordaíodh dóibh beartais rialtais a shaothrú de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán ([45]).

(64) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin san imscrúdú bunaidh gur shaothraigh gach institiúid airgeadais a oibríonn sa tSín beartais rialtais agus gur sholáthair siad iasachtaí ([46]), chomh maith le línte creidmheasa, ar rátaí fabhracha do thionscal na rothar leictreach, a measadh gur tionscal spreagtha é.

(65) Fuarthas go raibh tairbhe de réir bhrí Airteagail 3(2) agus 6(b) den bhun-Rialachán ann sa mhéid gur deonaíodh na hiasachtaí agus na línte creidmheasa ar théarmaí níos fabhraí ná mar a d'fhéadfadh an faighteoir a fháil ar an margadh. Ba é an tairbhe a bhí ag na faighteoirí an difríocht idir an méid úis a d'íoc an chuideachta iarbhír agus an méid a d'íocfadh an chuideachta as iasacht tráchtála/líne chreidmheasa inchomparáide a bheadh le fáil ar an saormhargadh ([47]).

(66) Fuarthas go raibh an clár fóirdheontais sin sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán, toisc nár sholáthair na hinstitiúidí iasachta iasachtaí agus línte creidmheasa fabhracha ach do líon teoranta cuideachtaí/tionscal a measann Rialtas na Síne gur príomhthionscail/tionscail straitéiseacha iad, ar ceann díobh tionscal na rothar leictreach.

(67) An ráta fóirdheontais a suíodh san imscrúdú bunaidh maidir leis an scéim sin, bhí sé idir 0,23 % agus 2,77 % le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha sampláilte.

3.4.2. *Leanúint den chlár fóirdheontais*

(68) Sholáthair an t-iarratasóir fianaise san iarraidh ar athbhreithniú éaga gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de shochar a bhaint as maoiniú fabhrach tar éis fhorchur na mbeart bunaidh ([48]).

(69) De réir an iarratasóra, leanann bainc na Síne atá faoi úinéireacht Stáit de bheith i gceannas ar chóras baincéireachta na Síne agus dá bhrí sin tá ról lárnach acu maidir le tacú leis na tionscail a shainaithnítear mar thionscail atá á spreagadh ag Rialtas na Síne agus maidir le maoiniú na dtionscal sin. Maíonn sé freisin go bhfuil méadú tagtha ar mhaoiniú fabhrach ó bhainc atá faoi úinéireacht an Stáit ó bhí 2021 ann, go háirithe i ndáil le fuinneamh glan, iompar glas, laghdú carbóin agus claochlú coigilte fuinnimh na dtionscal traidisiúnta a chur chun cinn ([49]).

(70) Léirigh an fhianaise a bhailigh an t-iarratasóir gur lean táirgeoirí rothar leictreach d'iasachtaí fabhracha agus línte creidmheasa fabhracha a fháil ó bhainc Shíneacha. Taispeántar iasachtaí agus línte creidmheasa den sórt sin sna Tuarascálacha Bliantúla de chuid roinnt de na cuideachtaí táirgthe. Mar shampla, tuairiscíonn an táirgeoir rothar leictreach Yadea ina ráitis airgeadais 2022, dhá iasacht saor ó ús ó rialtais áitiúla chun saoráidí táirgthe nua a thógáil, arbh fhiú CNY 460 milliún agus CNY 39 milliún faoi seach iad ([50]). Thairis sin, fuair táirgeoir rothar leictreach eile, JoyKie, línte creidmheasa ó roinnt bainc Shíneacha in 2022 ([51]). Cé gur doiciméid tráchtála rúnda iad téarmaí agus coinníollacha iasachtaí agus línte creidmheasa, áitíonn an t-iarratasóir, ar an gcaoi chéanna a leagadh amach san imscrúdú bunaidh, gur leanadh d'iasachtaí agus línte creidmheasa den sórt sin a sholáthar ar choinníollacha fabhracha ós rud é go bhfuil tionscal na rothar leictreach fós ina thionscal spreagtha.

([45]) Ibid., aithrisí (218) go (222).
([46]) Ibid. aithrisí (222) agus (297).
([47]) Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/72 ón gCoimisiún, Ranna 3.5.4.2 agus 3.5.4.3.
([48]) Féach pointí 63-87 agus na hiarscríbhinní comhfhreagracha den leagan oscailte den iarraidh ar athbhreithniú éaga.
([49]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 40.
([50]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 11, Tuarascáil Bhliantúil Yadea 2022, lgh. 179 agus 184.
([51]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 11, Tuarascáil Bhliantúil JoyKie 2022, lgh. 107 *et seq* agus 508.

(71) Shuigh an Coimisiún, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, an creat dlíthiúil ginearálta a bhí ann le linn an imscrúdaithe bunaidh agus a d'fhóin chun institiúidí airgeadais a threorú chun ailíniú le cuspóirí beartais thionsclaíoch agus cinntí airgeadais á ndéanamh acu, go raibh an creat sin fós i réim sa tSín. Go deimhin, ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh, neartaigh Stát na Síne a smacht ar an margadh airgeadais a thuilleadh chun freastal níos fearr ar leasanna an fhíorgheilleagair agus chun spriocanna bheartais thionsclaíocha na Síne a chomhlíonadh, go háirithe trí chistí a dhíriú i dtreo tionscail tosaíochta. Léirítear é sin go háirithe le (i) Airteagal 34 den Dlí Baincéireachta ina sonraítear go seolfaidh 'bainc thráchtála a ngnó iasachtaithe de réir riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an Stáit', (ii) Airteagal 15 de na Rialacha Ginearálta maidir le hIasachtaí lena leagtar síos gur féidir ús ar iasachtaí a fhóirdheonú nuair a bheidh sé i gcomhréir le beartas an Stáit fás tionscal agus limistéar eacnamaíoch áirithe a chur chun cinn agus, (iii) Cinneadh Uimh. 40 lena n-ainmnítear earnálacha tionsclaíocha áirithe mar earnálacha 'spreagtha' ar cheart dóibh tairbhe a bhaint as rochtain phribhléideach ar chreidmheas ([52]).

(72) I ndáil leis sin, mheabhraigh an Coimisiún gur chinn sé san imscrúdú sin (féach aithris (59)) go bhfuil tionscal na rothar leictreach fós ina thionscal spreagtha sa tSín.

(73) Ionstraimiú córasach earnáil maoinithe na Síne chun beartais thionsclaíocha a shaothrú agus maoiniú fabhrach a sholáthar do thionscail spreagtha, tá sé sin comhthacaithe ag torthaí an Choimisiúin i roinnt imscrúduithe frith-fhóirdheontais a rinneadh le déanaí ([53]).

***Sainiúlacht***

(74) Ós rud é go bhfuil an clár fóirdheontais seo teoranta do chuideachtaí i dtionscail spreagtha amháin agus nach bhfuil sé ar fáil do gach earnáil eacnamaíoch, shuigh an Coimisiún go bhfuil sé sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán.

***Tairbhe***

(75) De cheal comhoibriú ó tháirgeoirí de chuid na Síne, ó Rialtas na Síne agus ó institiúidí airgeadais sa tSín, ní raibh aon fhaisnéis a bhain go sonrach le cuideachtaí ag an gCoimisiún ar ar a bonn sin a d'fhéadfaí méid an fhóirdheontais a tugadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh.

(76) In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, d'fhéadfadh an Coimisiún teacht ar an gconclúid gur lean Rialtas na Síne d'iasachtaí agus línte creidmheasa a sholáthar do thionscal na rothar leictreach ar théarmaí fabhracha i gcomhréir leis an mbeartas a shonraítear i bpleananna éagsúla agus i ngníomhartha dlí eile a thagraíonn do thionscal na rothar leictreach mar thionscal spreagtha. Bhí aistriú díreach cistí i bhfoirm maoiniú fabhrach ar fáil i gcónaí do chuideachtaí i dtionscal na rothar leictreach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

***Conclúid***

(77) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, agus in éagmais aon argóint dá mhalairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm iasachtaí fabhracha agus línte creidmheasa le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. I bhfianaise na ranníocaíochtaí airgeadais, an tairbhe a thugtar agus na sainiúlachta, meastar i gcónaí go bhfuil na cláir fóirdheontais sin in-fhrithchúitithe.

([52]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe maidir le Cosaint Trádála, SWD(2024) 91 final, 10.4.2024 ('an Tuarascáil faoin tSín'), Roinn 6.

([53]) Rialachán (AE) 2023/1647 (féach fonóta 10), Rialachán (AE) 2023/1123 (féach fonóta 11) agus Rialachán (AE) 2021/328 (féach fonóta 12).

### 3.5. **Árachas creidmheasa onnmhairiúcháin**

#### 3.5.1. *Torthaí an imscrúdaithe bunaidh*

(78) San imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún go bhfuair táirgeoirí rothar leictreach na Síne fóirdheontais i bhfoirm árachas creidmheasa onnmhairiúcháin ar théarmaí fabhracha ([54]).

(79) Go háirithe, shuigh an Coimisiún gur chomhlacht poiblí é an t-aon soláthróir árachais creidmheasa onnmhairiúcháin sa tSín, Corparáid Onnmhairiúcháin agus Árachais Creidmheasa na Síne ('Sinosure'), agus d'fheidhmigh sé feidhmeanna rialtais i ndáil leis an earnáil rothar leictreach.

(80) Shuigh an Coimisiún freisin gur chuir Sinosure árachais creidmheasa onnmhairiúcháin ar fáil d'onnmhaireoirí rothar leictreach ar théarmaí fabhracha, i.e. faoi bhun choinníollacha an mhargaidh, agus go dtéitear chun tairbhe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin dá bharr. Measadh gurbh é an tairbhe a tugadh do na faighteoirí an difríocht idir méid na préimhe a d'íoc an chuideachta as an árachas gearrthéarmach arna sholáthar ag Sinosure agus méid na préimhe a d'íocfadh an chuideachta as árachas creidmheasa onnmhairiúcháin inchomparáide a bheadh ar fáil de réir choinníollacha an mhargaidh ([55]).

(81) Ar deireadh, ós rud é go raibh an scéim fóirdheontais sin ag brath ar onnmhairiú, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh sí sonrach faoi Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán agus dá bhrí sin go raibh sí in-fhrithchúitithe.

(82) An ráta fóirdheontais a suíodh san imscrúdú bunaidh maidir leis an scéim sin, bhí sé idir 0 % agus 0,50 % le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha sampláilte.

#### 3.5.2. *Leanúint den chlár fóirdheontais*

(83) Cosúil leis an staid san imscrúdú bunaidh, tá Sinosure fós faoi úinéireacht iomlán Stát na Síne. Dar leis an iarratasóir, tá sainordú ag Sinosure, i gcomhréir le beartais taidhleoireachta, trádála idirnáisiúnta, thionsclaíocha, fhioscacha agus airgeadais Rialtas na Síne, chun onnmhairí agus infheistíochtaí Síneacha a chur chun cinn, go háirithe onnmhairí earraí caipitil ardteicneolaíochta nó ard-bhreisluacha, trí árachas creidmheasa onnmhairiúcháin ar rioscaí neamhíocaíochta a thairiscint.

(84) Is ionann na bunúis dlí do ghníomhaíochtaí Sinosure agus na bunúis dlí is infheidhme le linn an imscrúdaithe bunaidh, go háirithe an Fógra maidir le Cur Chun Feidhme na Straitéise maidir leis an Trádáil a chur chun cinn tríd an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht trí bhíthin Úsáid Árachais Creidmheasa Onnmhairiúcháin (Shang Ji Fa [2004] Uimh. 368) arna eisiúint go comhpháirteach ag MOFCOM agus Sinosure, agus an Fógra maidir le hEisiúint Chatalóg Onnmhairiúcháin 2006 de Tháirgí Ardteicneolaíochta na Síne, (Guo Ke Fa Ji Zi [2006] Uimh. 16.

(85) De réir shuíomh gréasáin Sinosure féin ([56]), is cuideachta árachais státmhaoinithe agus beartas-dhírithe é atá bunaithe agus tacaithe ag an Stát chun forbairt agus comhar eachtrach eacnamaíoch agus trádála na Síne a chur chun cinn. Cuireann sé onnmhairí earraí, teicneolaíochtaí agus seirbhísí na Síne chun cinn, go háirithe onnmhairiú earraí caipitil ardteicneolaíochta agus ard-bhreisluacha, amhail táirgí meicniúla agus leictreacha agus ar an gcaoi sin freastalaíonn sé go héifeachtach ar straitéisí náisiúnta, tacaíonn sé go cruinn le forbairt fiontar agus cinntíonn sé inbhuanaitheacht airgeadais. Ós rud é gur institiúid airgeadais atá dírithe ar bheartas í a bunaíodh chun freastal ar éilimh an domhandaithe eacnamaíoch agus ar fhorbairt gheilleagar agus thrádáil eachtrach na Síne, deir sí go sainráite go ndíreoidh sí go dlúth ar an sprioc chun freastal ar na straitéisí náisiúnta.

(86) Ina theannta sin, níl aon athrú ar ról leanúnach Sinosure mar ardán chun tacú le beartais Rialtais, mar is léir ó ghlao comhpháirteach 2022 ó MOFCOM agus Sinosure chun 'tacaíocht a thabhairt d'fhiontair cinn scríbe onnmhairiúcháin traidisiúnta a dhoimhniú agus leas a bhaint as margaí éagsúlaithe, agus béim á leagan ar sheirbhísí árachais creidmheasa a sholáthar d'onnmhairí chuig tíortha feadh an Chreasa agus an Bhóthair, margaí atá ag teacht chun cinn, agus comhpháirtithe an chreasa saorthrádála' ([57]).

([54]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún, Roinn 3.6.
([55]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún, aithris (362).
([56]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 46, Próifíl Sinosure.
Féach freisin sinosure.com.cn/en/Sinosure/Profile/index.shtml.
([57]) Féach an tuarascáil maidir leis an tSín, Roinn 6.6.

(87) Dá bhrí sin, leanann Sinosure de bheith ina chomhlacht poiblí a fheidhmíonn feidhmeanna rialtais, go háirithe maidir le tionscail spreagtha. Soláthraíonn sé árachas creidmheasa onnmhairiúcháin ar théarmaí níos fabhraí ná mar a d'fhéadfadh an faighteoir a fháil ar an margadh de ghnáth nó soláthraíonn sé cumhdach árachais nach mbeadh ar fáil ar chor ar bith ar an margadh murach sin. Ós rud é gur tionscal spreagtha atá dírithe ar onnmhairiú é tionscal rothar leictreach na Síne, mar chuid den tionscal feithiclí leictreacha agus iompair ghlais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go leanann Sinosure de thacaíocht a thabhairt don tionscal sin. An cinneadh go leanann Sinosure d'árachas creidmheasa a sholáthar do thionscail spreagtha, is tacaíocht don chinneadh sin iad torthaí an Choimisiúin i roinnt imscrúduithe frith-fhóirdheontais a rinneadh le déanaí ([58]).

***Sainiúlacht***

(88) Fóirdheontais a sholáthraítear faoin scéim árachais creidmheasa onnmhairiúcháin, is fóirdheontais shonracha iad toisc nach féidir iad a fháil gan onnmhairiú a dhéanamh agus, dá bhrí sin, tá siad ag brath ar onnmhairiú de réir bhrí Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán.

***Tairbhe***

(89) De cheal freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí na Síne, ó Rialtas na Síne agus ó Sinosure, ní raibh aon fhaisnéis a bhain go sonrach le cuideachtaí ag an gCoimisiún ar ar a bonn sin a d'fhéadfaí méid an fhóirdheontais a tugadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh.

(90) In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, d'fhéadfadh an Coimisiún teacht ar an gconclúid gur lean Sinosure d'árachas creidmheasa onnmhairiúcháin a sholáthar le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ar théarmaí fabhracha i gcomhréir leis an mbeartas a shonraítear i bpleananna éagsúla agus i ngníomhartha dlí eile a thagraíonn do thionscal na rothar leictreach mar thionscal spreagtha.

***Conclúid***

(91) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, agus in éagmais aon argóint dá mhalairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm árachas creidmheasa onnmhairiúcháin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. I bhfianaise na ranníocaíochtaí airgeadais, an tairbhe a thugtar agus na sainiúlachta, meastar i gcónaí go bhfuil na cláir fóirdheontais sin in-fhrithchúitithe.

### 3.6. **Soláthar earraí ag an rialtas ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach**

#### 3.6.1. *Soláthar inneall leictreach*

##### 3.6.1.1. Torthaí an imscrúdaithe bunaidh

(92) Fuarthas amach san imscrúdú bunaidh go bhfuair táirgeoirí rothar leictreach de chuid na Síne fóirdheontais i bhfoirm inneall ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach ([59]).

(93) Ar an gcéad dul síos, dheimhnigh an Coimisiún go raibh an lámh in uachtar ag soláthróirí intíre na Síne a raibh sciar os cionn 90 % den mhargadh acu den chuid is mó ar mhargadh intíre na Síne le haghaidh inneall. Ba chuideachtaí faoi úinéireacht Stáit nó comhaltaí de Chumann Rothar na Síne (CBA) iad na soláthróirí sin, agus mar sin ba phríomhoibreoirí spleácha iad ar cuireadh de chúram orthu beartas náisiúnta a chur chun feidhme chun na cuspóirí níos leithne a bhaineann le táirgeadh rothar leictreach a bhaint amach ([60]).

(94) Ar an dara dul síos, bhunaigh an Coimisiún, ar bhonn doiciméid dhlíthiúla éagsúla, go háirithe an 12ú Plean Cúig Bliana do Rothair agus Rothair Leictreacha, an 13ú Plean Cúig Bliana do Rothair agus Rothair Leictreacha agus an Plean Forbartha don Tionscal Éadrom (2016-2020), beartas Rialtas na Síne chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar fheidhmíocht ionchur ríthábhachtach do thionscal na rothar leictreach, a bhfuil innill ina gcuid dhílis di, agus chun an slabhra soláthair tionsclaíoch rothar a chomhlánú ionas gur féidir slabhra táirgeachta rothar leictreach neamhspleách atá comhtháite go hingearach a bhunú sa tSín ([61]).

([58]) Rialachán (AE) 2023/1647 (féach fonóta 10), Rialachán (AE) 2022/72 (féach fonóta 13) agus Rialachán (AE) 2021/328.
([59]) Rialachán Rialachan Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72, Roinn 3.7.2.
([60]) *Ibid*, aithrisí (382)-(383).
([61]) Ibid, aithrisí (390)-(393).

(95) Ar an tríú dul síos, chinn an Coimisiún go bhfuil tionscal na rothar leictreach agus tionscal na n-inneall idirnasctha agus go bhfuil forbairt thionscal na n-inneall ríthábhachtach d'fhorbairt thionscal na rothar leictreach. I ndáil leis sin, shuigh an Coimisiún freisin gur sholáthair Rialtas na Síne fóirdheontais don tionscal inneall agus é mar aidhm leo iomaíochas shlabhra iomlán an tionscail a fheabhsú, lena n-áirítear tionscal na rothar leictreach. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá réir sin gur chuir Rialtas na Síne de chúram ar tháirgeoirí inneall Síneacha innill a sholáthar do thionscal na rothar leictreach ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach.

(96) Shuigh an Coimisiún freisin san imscrúdú bunaidh go raibh na fóirdheontais i bhfoirm innill ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach sonrach faoi Airteagal 4(2)(b) den bhun-Rialachán toisc nach bhféadfadh ach líon teoranta cuideachtaí/tionscal tairbhe a bhaint as an scéim, agus suíodh gur tugadh tairbhe. Ríomhadh an tairbhe do na cuideachtaí sampláilte san imscrúdú bunaidh trí chomparáid a dhéanamh idir an praghas intíre agus praghsanna onnmhairiúcháin na n-inneall ón soláthraí intíre inneall is mó. Cuireadh an difríocht, arna sloinneadh mar chéatadán, i bhfeidhm ar na praghsanna a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte as innill a cheannach ó sholáthróirí intíre ([62]).

(97) An ráta fóirdheontais a suíodh san imscrúdú bunaidh maidir leis an scéim sin, bhí sé idir 0,78 % agus 5,44 % le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha sampláilte.

3.6.1.2. Leanúint den chlár fóirdheontais

(98) Mhaígh an t-iarratasóir gur lean Rialtas na Síne de chúram a chur ar thionscal inneall na Síne nó de threoir a thabhairt dó innill a sholáthar ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach do thionscal na rothar leictreach ([63]).

(99) De réir an iarratasóra, lean táirgeoirí inneall de chuid na Síne, cosúil leis an staid le linn thréimhse an imscrúdaithe bunaidh, de bheith faoi réir pleananna beartais éagsúla, ina léiríonn Rialtas na Síne tacaíocht phoiblí do thionscal na n-inneall mar gheall ar a sheasamh i slabhra soláthair tionsclaíoch na rothar leictreach sa tSín.

(100) Tagraíonn an 14ú Plean Cúig Bliana do Rothair agus Rothair Leictreacha ([64]) d'fhorbairt mótar cúnta leictreach le haghaidh rothair leictreacha mar cheann de na príomhthionscadail taighde atá ag comhaltaí de Chumann Rothar na Síne. Thairis sin, i dtuarascáil dar teideal '2022-2027 Analysis Report on China's Electric Bicycle Motor Industry Market Depth Research and Development Prospects Investment Feasibility' ([65]), deimhnítear freisin go soláthraíonn Rialtas na Síne fóirdheontais do na hinnill arb é is aidhm dóibh iomaíochas shlabhra iomlán an tionscail a fheabhsú, lena n-áirítear tionscal na rothar leictreach ([66]). Thairis sin, leis an 14ú Plean 5 Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne agus leis an Achoimre ar Spriocanna Fadtéarmacha le haghaidh 2035, tugtar tacaíocht láidir freisin don tionscal monaraíochta ardleibhéil, cliste agus glas, amhail rothair leictreacha agus mótair rothar leictreach. Ina theannta sin, mar a luadh in aithris (55) thuas, tá coinne leis sa straitéis 'Made in China 2025' go neartófar '*taighde agus forbairt maidir le teicneolaíocht, próiseas agus trealamh ardleibhéil a bhaineann le coigilt fuinnimh agus le cosaint an chomhshaoil*', agus go neartófar '*taighde agus forbairt táirgí glasa, teicnící éadroma nach n-úsáideann mórán fuinnimh agus atá éasca le hathchúrsáil a fhorleathnú, éifeachtúlacht fuinnimh na dtáirgí deiridh a úsáideann fuinneamh a chur chun cinn i gcónaí, lena n-áirítear mótair, coirí, innill dócháin inmheánaigh agus fearais leictreacha, […] agus forbairt ghlas agus ísealcharbóin thionscal na n-ábhar nua, an tionscail fuinnimh nua, agus an tionscail trealaimh ardleibhéil a chur chun cinn go fuinniúil*'.

(101) Sholáthair an t-iarratasóir fianaise freisin gur lean táirgeoirí inneall de chuid na Síne d'fhóirdheontais shuntasacha a fháil i bhfoirm deontas, laghduithe cánach, maoiniú fabhrach, etc ([67]).

(102) In éagmais comhoibriú ó Rialtas na Síne nó ó aon mhonaróir inneall Síneach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár athraigh struchtúr an mhargaidh d'innill sa tSín ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh. Dá bhrí sin, agus i bhfianaise thábhacht ríthábhachtach agus lárnach thionscal na n-inneall chun tionscal spreagtha na rothar leictreach a fhorbairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcuireann Rialtas na Síne de chúram fós ar tháirgeoirí inneall sa tSín nó go dtugann sé treoir dóibh innill a sholáthar do thionscal na rothar leictreach ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach, arb é an chonclúid chéanna a bhí san imscrúdú bunaidh.

([62]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72, Roinn 3.7.2,7.
([63]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Roinn 6.4(b)(ii) agus na hIarscríbhinní comhfhreagracha.
([64]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 29.
([65]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 60.
([66]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 60.
([67]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga mír 236 agus Iarscríbhinn 11.

***Sainiúlacht***

(103) Fóirdheontais a chuirtear ar fáil faoin scéim seo, is fóirdheontais shonracha iad faoi Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach bhféadfadh ach líon teoranta cuideachtaí/tionscal tairbhe a bhaint as an scéim.

***Tairbhe***

(104) De cheal freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí rothar leictreach na Síne, ó tháirgeoirí inneall na Síne agus ó Rialtas na Síne, ní raibh aon fhaisnéis a bhain go sonrach le cuideachtaí ag an gCoimisiún ar ar a bonn sin a d'fhéadfaí méid an fhóirdheontais a tugadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh.

(105) In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, d'fhéadfadh an Coimisiún teacht ar an gconclúid mar sin féin gur lean Rialtas na Síne de chúram a chur ar tháirgeoirí inneall sa tSín, nó de threoir a thabhairt dóibh, innill a sholáthar do tháirgeoirí rothar leictreach ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach, arb é atá ann faoi Airteagal 3(1)(a)(iv) agus Airteagal 6(d) den bhun-Rialachán ranníocaíocht airgeadais a mbaintear tairbhe as.

***Conclúid***

(106) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm inneall ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é gur ranníocaíocht airgeadais a mbaintear tairbhe as agus gur ranníocaíocht shonrach í, tá fóirdheontais faoin scéim seo in-fhrithchúitithe.

3.6.2. *Soláthar ceallraí*

3.6.2.1. Torthaí an imscrúdaithe bunaidh

(107) Fuarthas amach san imscrúdú bunaidh go bhfuair táirgeoirí rothar leictreach de chuid na Síne fóirdheontais i bhfoirm ceallraí ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach ([68]).

(108) Ar an gcéad dul síos, dheimhnigh an Coimisiún gur táirgeoirí faoi úinéireacht an Stáit agus comhaltaí de Chumann Rothar na Síne a tháirg (i bpáirt) cuid mhór de na ceallraí a soláthraíodh do thionscal na rothar leictreach sa tSín agus, dá réir sin, gur príomhoibreoirí spleácha iad ar cuireadh de chúram orthu beartas náisiúnta a chur chun feidhme chun na cuspóirí níos leithne a bhaineann le táirgeadh rothar leictreach a bhaint amach ([69]).

(109) Ar an dara dul síos, ar bhonn na ndoiciméad dlíthiúil éagsúil (beartais), go háirithe an Plean Forbartha don Tionscal Éadrom (2016-2020), an plean 'Made in China 2025', an 12ú agus an 13ú Plean Cúig Bliana le haghaidh an tionscail ceallraí agus an tuarascáil ('In-depth analysis lithium-ion battery industry for electric bicycles in 2018-2023 and guidance report on the 13th Five Year development plan'), shuigh an Coimisiún gurb é beartas Rialtas na Síne tacaíocht a thabhairt don tionscal ceallraí agus an tionscal ceallraí agus tionscal na rothar leictreach a chomhtháthú a thuilleadh trí chomhar agus comhghuaillíochtaí ardleibhéil. Aithnítear sna doiciméid bheartais sin freisin gur ann do bheartas fóirdheontais maidir le rothar ceallra-leictreach chun an tóir ar rothair leictreacha agus onnmhairiú rothar leictreach a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú bunaidh gur tionscal tacaithe é tionscal na gceallraí ar féidir leis tairbhe a bhaint as fóirdheontais éagsúla agus go bhfuil dlúthbhaint aige le tionscal na rothar leictreach ([70]).

(110) Ar an tríú dul síos, chinn an Coimisiún freisin go bhfuil tionscal na rothar leictreach agus tionscal na gceallraí ian litiam idirnasctha agus gur shaothraigh Rialtas na Síne beartas trínar cheart do thionscal na gceallraí a chostais agus a phraghsanna a laghdú trí fhóirdheontais, agus déantar é sin chun tionscal na rothar leictreach a chur chun cinn. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá réir sin gur chuir Rialtas na Síne de chúram ar tháirgeoirí ceallraí Síneacha ceallraí a sholáthar do thionscal na rothar leictreach ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach.

([68]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72, Roinn 3.7.3.
([69]) *Ibid*, aithrisí (443)-(445).
([70]) *Ibid,* aithrisí (452)-(461).

(111) Ríomhadh an tairbhe do na cuideachtaí sampláilte san imscrúdú bunaidh trí chomparáid a dhéanamh idir an praghas intíre agus praghsanna onnmhairiúcháin na gceallraí innill ón soláthraí intíre inneall is mó. Cuireadh an difríocht, arna sloinneadh mar chéatadán, i bhfeidhm ar na praghsanna a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte as ceallraí a cheannach ó sholáthróirí intíre ([71]).

(112) Shuigh an Coimisiún freisin san imscrúdú bunaidh go raibh na fóirdheontais i bhfoirm ceallraí ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach sonrach faoi Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach bhféadfadh ach líon teoranta cuideachtaí/tionscal tairbhe a bhaint as an scéim.

(113) An ráta fóirdheontais a suíodh san imscrúdú bunaidh maidir leis an scéim sin, bhí sé idir 0,38 % agus 8,97 % le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha sampláilte.

3.6.2.2. Leanúint den chlár fóirdheontais

(114) Mhaígh an t-iarratasóir gur lean Rialtas na Síne de chúram a chur ar thionscal ceallraí na Síne nó de threoir a thabhairt dó ceallraí a sholáthar ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach do thionscal na rothar leictreach ([72]).

(115) De réir an iarratasóra, lean táirgeoirí ceallraí de chuid na Síne, cosúil leis an staid le linn thréimhse an imscrúdaithe bunaidh, de bheith faoi réir pleananna beartais éagsúla, ina léiríonn Rialtas na Síne tacaíocht phoiblí do thionscal na gceallraí ian litiam mar gheall ar a seasamh i slabhra soláthair tionsclaíoch na rothar leictreach sa tSín.

(116) Tagraíonn an t-iarratasóir don 14ú Plean Cúig Bliana do Rothair agus Rothair Leictreacha (2012-2025), ina liostaítear forbairt ceallraí ian litiam le haghaidh rothair leictreacha mar phríomhthosaíocht do chomhaltaí de Chumann Rothar na Síne. I ndáil leis sin, meabhraítear go bhfuil roinnt táirgeoirí ceallraí sa tSín ina mbaill de Chumann Rothar na Síne. Tacaítear le tionscal ceallraí na Síne freisin faoin Straitéis 'Made in China 2025' agus faoin 13ú Plean Cúig Bliana don tionscal Ceallraí a ghlac Comhlachas Thionscal Cumhachta Ceimicí agus Fisiciúla na Síne ([73]). Deimhníonn an tuarascáil '2022-2027 China Electric Bicycle Lithium-ion Battery Industry Market Depth Research and Development Prospects Investment Feasibility Analysis Report' go bhfuil tacaíocht leanúnach á tabhairt do thionscal ceallraí na Síne ([74]).

(117) Sholáthair an t-iarratasóir fianaise freisin gur lean táirgeoirí ceallraí de chuid na Síne d'fhóirdheontais shuntasacha a fháil i bhfoirm deontas, laghduithe cánach, maoiniú fabhrach, etc ([75]).

(118) Fágann sé sin gur thionscal tacaithe a bhí i dtionscal na gceallraí go fóill, tionscal ar féidir leis tairbhe a bhaint as fóirdheontais éagsúla agus go bhfuil sé nasctha go dlúth le forbairt thionscal na rothar leictreach.

(119) In éagmais comhoibriú ó Rialtas na Síne nó ó aon mhonaróir ceallraí Síneach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár athraigh struchtúr an mhargaidh do cheallraí sa tSín ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh. Dá bhrí sin, agus i bhfianaise thábhacht lárnach thionscal na gceallraí chun tionscal spreagtha na rothar leictreach a fhorbairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcuireann Rialtas na Síne de chúram fós ar tháirgeoirí ceallraí sa tSín nó go dtugann sé treoir dóibh ceallraí a sholáthar do thionscal na rothar leictreach ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach, arb é an chonclúid chéanna a bhí san imscrúdú bunaidh.

***Sainiúlacht***

(120) Fóirdheontais a chuirtear ar fáil faoin scéim seo, is fóirdheontais shonracha iad faoi Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach bhféadfadh ach líon teoranta cuideachtaí/tionscal tairbhe a bhaint as an scéim.

([71]) Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/72 ón gCoimisiún, Roinn 3.7.3.7.
([72]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Roinn 6.4(b)(iii) agus na hIarscríbhinní comhfhreagracha.
([73]) An 13ú Plean 5 Bliana don tionscal ceallraí arna ghlacadh ag Comhlachas Thionscal Cumhachta Ceimicí agus Fisiciúla na Síne, Caibidil V, Roinn I.
([74]) '2022-2027 China Electric Bicycle Lithium-ion Battery Industry Market Depth Research and Development Prospects Investment Feasibility Analysis Report'.
([75]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, tuarascálacha bliantúla éagsúla in Iarscríbhinn 11.

***Tairbhe***

(121) De cheal freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí rothar leictreach na Síne, ó tháirgeoirí ceallraí na Síne agus ó Rialtas na Síne, ní raibh aon fhaisnéis a bhain go sonrach le cuideachtaí ag an gCoimisiún ar ar a bonn sin a d'fhéadfaí méid an fhóirdheontais a tugadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh.

(122) In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, d'fhéadfadh an Coimisiún teacht ar an gconclúid mar sin féin gur lean Rialtas na Síne de chúram a chur ar tháirgeoirí ceallraí sa tSín, nó de threoir a thabhairt dóibh, ceallraí a sholáthar do tháirgeoirí rothar leictreach ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach, arb é atá ann faoi Airteagal 3(1)(a)(iv) agus Airteagal 6(d) den bhun-Rialachán ranníocaíocht airgeadais a mbaintear tairbhe as.

***Conclúid***

(123) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, agus in éagmais aon argóint dá mhalairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm ceallraí ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é gur ranníocaíocht airgeadais a mbaintear tairbhe as agus gur ranníocaíocht shonrach í, tá fóirdheontais faoin scéim seo in-fhrithchúititihe.

3.6.3. *Cearta úsáide talún*

3.6.3.1. Torthaí an imscrúdaithe bunaidh

(124) Fuarthas amach san imscrúdú bunaidh go bhfuair táirgeoirí rothar leictreach de chuid na Síne fóirdheontais i bhfoirm ceart úsáide talún ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach ([76]).

(125) Go sonrach, shuigh an Coimisiún nach raibh aon mhargadh feidhmiúil le haghaidh talún i nDaon-Phoblacht na Síne agus gur léirigh úsáid tagarmhairc sheachtraigh go raibh na fiontair a íocadh as cearta úsáide talún i bhfad faoi bhun rátaí an mhargaidh. Ós rud é gur tionscal spreagtha é tionscal na rothar leictreach agus go raibh ar údaráis áitiúla, agus praghsanna á socrú acu, cuspóirí beartais sáraitheacha Rialtas na Síne a chur san áireamh, lena n-áirítear rochtain fhabhrach ar thalamh a sholáthar do thionscail spreagtha, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuair na cuideachtaí sampláilte san imscrúdú bunaidh talamh ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach. Dá bhrí sin, ceart úsáide talún a sholáthar ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach, measadh gur fóirdheontas é sin lena dtugtar tairbhe agus de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán.

(126) Ríomhadh an tairbhe san imscrúdú bunaidh, an difríocht idir an méid a d'íoc gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte iarbhír as cearta úsáide talún agus an méid ba cheart a íoc de ghnáth ar bhonn praghsanna ón Téaváin, a úsáideadh mar phraghas tagarmhairc sheachtraigh, tríd an difríocht sin a chur san áireamh. Leithdháileadh méid an fhóirdheontais ar an tréimhse imscrúdúcháin trí úsáid a bhaint as gnáth-shaolré an chirt úsáide talún le haghaidh úsáid talún tionsclaíche, i.e. 50 bliain ([77]).

(127) Shuigh an Coimisiún freisin go raibh an fóirdheontas sonrach faoi Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach bhféadfadh ach líon teoranta cuideachtaí/tionscal tairbhe a bhaint as an scéim.

(128) San imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún méid an fhóirdheontais *ad valorem* i dtaca leis an scéim sin idir 0,43 % agus 1,46 % le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha sampláilte.

3.6.3.2. Leanúint den chlár fóirdheontais

(129) San iarraidh ar athbhreithniú éaga agus sna hiarscríbhinní comhfhreagracha ([78]), sholáthair an t-iarratasóir fianaise gur lean táirgeoirí rothar leictreach na Síne ag baint tairbhe as cearta úsáide talún ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach.

([76]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72, Roinn 3.7.4.
([77]) Ibid., Roinn 3.7.4(e).
([78]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Roinn 6.4.a.

(130) Níor tháinig aon athrú ar an gcreat dlíthiúil lena rialaítear soláthar ceart úsáide talún i nDaon-Phoblacht na Síne agus ní féidir na cearta sin a fháil ach ó na húdaráis ábhartha, ar ghá dóibh beartas tionsclaíoch Rialtas na Síne a chur san áireamh agus cearta úsáide talún á sannadh seachas cloí go docht le prionsabail an tsaormhargaidh ([79]).

(131) Thairis sin, tá sé suite ag an gCoimisiún in imscrúduithe frith-fhóirdheontais a rinneadh le déanaí go bhfuil tionscail spreagtha, ar ceann díobh tionscal na rothar leictreach, fós ag fáil ceart úsáide talún ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach ([80]).

(132) Ar deireadh, níor chuir Rialtas na Síne ná aon táirgeoir onnmhairiúcháin aon fhianaise ar fáil lena léirítear nach bhfuil tionscal spreagtha na rothar leictreach ag baint tairbhe a thuilleadh as ceart úsáide talún ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach.

(133) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean táirgeoirí rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm cearta úsáide talún ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach agus gur tugadh tairbhe do na cuideachtaí is faighteoir dá bhrí sin.

***Sainiúlacht***

(134) Fóirdheontais a chuirtear ar fáil faoin scéim seo, is fóirdheontais shonracha iad faoi Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach bhféadfadh ach líon teoranta cuideachtaí/tionscal tairbhe a bhaint as an scéim.

***Tairbhe***

(135) De cheal freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí rothar leictreach na Síne agus ó Rialtas na Síne, ní raibh aon fhaisnéis a bhain go sonrach le cuideachtaí ag an gCoimisiún ar ar a bonn sin a d'fhéadfaí méid an fhóirdheontais a tugadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh.

(136) In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, bhí an Coimisiún in ann teacht ar an gconclúid mar sin féin gur lean Rialtas na Síne de chearta úsáide talún a chur ar fáil do tháirgeoirí rothar leictreach ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach, arb é atá ann faoi Airteagal 3(1)(a)(iv) agus Airteagal 6(d) den bhun-Rialachán ranníocaíocht airgeadais a mbaintear tairbhe as.

***Conclúid***

(137) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, agus in éagmais aon argóint dá mhalairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm ceart úsáide talún ar íocaíocht nach bhfuil leordhóthanach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é gur ranníocaíocht airgeadais a mbaintear tairbhe as agus gur ranníocaíocht shonrach í, tá fóirdheontais faoin scéim seo in-fhrithchúitithe.

### 3.7. **Cláir um dhíolúine ó cháin dhíreach agus um laghdú cánach**

#### 3.7.1. *Pribhléidí CIF le haghaidh Fiontair Ardteicneolaíochta agus Nua-Theicneolaíochta*

##### 3.7.1.1. Torthaí an imscrúdaithe bunaidh

(138) De réir Airteagal 28 de dhlí na Síne maidir le Cáin Ioncaim Fiontair, is féidir le fiontair ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta tairbhe a bhaint as ráta cánach ioncaim laghdaithe 15 % in ionad an ráta chaighdeánaigh 25 %.

(139) San imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún gur fóirdheontas é an laghdú sin ar cháin de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb é atá i gceist leis ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam atá ligthe thar ceal ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann. Ós rud é nach n-aithnítear ach cuideachtaí mar fhiontair ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta in earnálacha a dtacaíonn an Stát leo, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin go raibh an fóirdheontas sonrach agus dá bhrí sin go raibh sé in-fhrithchúitithe.

([79]) An Tuarascáil maidir leis an tSín, Caibidil 9.
([80]) Rialachán (AE) 2023/1647, Rialachán (AE) 2023/1123, Rialachán (AE) 2022/72 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) 2021/328 ón gCoimisiún.

(140) Suíodh san imscrúdú bunaidh gur bhain roinnt táirgeoirí rothar leictreach tairbhe as an scéim fóirdheontais sin. Ríomhadh an tairbhe sin mar an difríocht idir an cháin iomlán is iníoctha de réir an ghnáthráta cánach agus an cháin iomlán is iníoctha faoin ráta laghdaithe.

(141) An ráta fóirdheontais a suíodh san imscrúdú bunaidh maidir leis an scéim fóirdheontais sin, suíodh é idir 0 % agus 0,70 % le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha sampláilte.

3.7.1.2. Leanúint den chlár fóirdheontais

(142) Mhaígh an t-iarratasóir gur lean táirgeoirí rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as an scéim fóirdheontais sin agus gur chuir siad fianaise ar fáil go meastar gur fiontair ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta iad go leor táirgeoirí rothar leictreach agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad incháilithe don fhóirdheontas ([81]). Sholáthair an t-iarratasóir fianaise freisin i bhfoirm tuarascálacha bliantúla gur thairbhigh roinnt táirgeoirí rothar leictreach *de facto* den scéim tar éis thréimhse an imscrúdaithe bunaidh ([82]).

(143) Thairis sin, ní raibh aon fhianaise ná tásc ag an gCoimisiún a thabharfadh le tuiscint nach mbeadh an scéim fóirdheontais infheidhme le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(144) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean táirgeoirí rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm lacáistí cánach le haghaidh fiontair ardteicneolaíochta agus teicneolaíochta nua lena dtugtar tairbhe do na fiontair sin.

***Sainiúlacht***

(145) Fóirdheontais a chuirtear ar fáil faoin scéim seo, is fóirdheontais shonracha iad faoi Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach bhféadfadh ach líon teoranta cuideachtaí/tionscal tairbhe a bhaint as an scéim.

***Tairbhe***

(146) De cheal freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí rothar leictreach na Síne agus ó Rialtas na Síne, ní raibh aon fhaisnéis a bhain go sonrach le cuideachtaí ag an gCoimisiún ar ar a bonn sin a d'fhéadfaí méid an fhóirdheontais a tugadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh.

(147) In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Mar sin féin, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean Rialtas na Síne de bheith ag soláthar laghdú ar cháin ioncaim, arbh ionann é agus ranníocaíocht airgeadais lena dtugtar tairbhe faoi Airteagail 3(1)(a)(ii) agus 3(2) den bhun-Rialachán.

***Conclúid***

(148) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, agus in éagmais aon argóint dá mhalairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm ioncam rialtais atá ligthe thar ceal le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é gur ranníocaíocht airgeadais a mbaintear tairbhe as agus gur ranníocaíocht shonrach í, tá fóirdheontais faoin scéim seo in-fhrithchúitithe.

3.7.2. *Fritháireamh CIF le haghaidh speansais taighde agus forbartha*

3.7.2.1. Torthaí an imscrúdaithe bunaidh

(149) Le hAirteagal 30(1) de dhlí na Síne maidir le Cáin Ioncaim Fiontair déantar foráil maidir le fritháireamh cánach le haghaidh taighde agus forbartha agus tugtar teidlíocht do chuideachtaí cóireáil fhabhrach cánach a fháil le haghaidh speansais T&F a thabhaítear chun teicneolaíochtaí nua, táirgí nua agus ceirdeanna nua a fhorbairt i réimsí tosaíochta ardteicneolaíochta áirithe a chinneann an Stát.

([81]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 52.
([82]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 11.

(150) San imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún gur fóirdheontas é an fritháireamh cánach T&F de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb é atá i gceist leis ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam atá ligthe thar ceal ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe, atá comhionann le coigilteas cánach, do na cuideachtaí lena mbaineann.

(151) Chinn an Coimisiún freisin go raibh an fóirdheontas sonrach toisc go raibh sé teoranta d'fhiontair a thabhaigh costais taighde agus forbartha i réimsí tosaíochta ardteicneolaíochta áirithe a chinneann an Stát, arb é tionscal na rothar leictreach ceann acu.

(152) An ráta fóirdheontais a suíodh san imscrúdú bunaidh maidir leis an scéim fóirdheontais sin, suíodh é idir 0 % agus 0,51 % le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha sampláilte.

3.7.2.2. Leanúint den chlár fóirdheontais

(153) Sholáthair an t-iarratasóir fianaise go leantar de tháirgeoirí rothar leictreach a aithint mar fhiontair ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta (féach aithris (142) thuas) atá gníomhach i dtionscal spreagtha. Sholáthair an t-iarratasóir neart fianaise freisin go dtabhaíonn roinnt táirgeoirí rothar leictreach costais shuntasacha T&F atá méadaithe ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh.

(154) Thairis sin, ní bhfuair an Coimisiún aon fhianaise ná aon tásc a thugann le fios nach mbeadh an scéim fóirdheontais infheidhme le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó go mbeadh athrú tagtha ar na forálacha dlíthiúla lena rialaítear í.

(155) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean táirgeoirí rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm cóireáil cánach fhabhrach le haghaidh speansais T&F.

***Sainiúlacht***

(156) Fóirdheontais a chuirtear ar fáil faoin scéim seo, is fóirdheontais shonracha iad faoi Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach bhféadfadh ach líon teoranta cuideachtaí/tionscal tairbhe a bhaint as an scéim.

***Tairbhe***

(157) De cheal freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí rothar leictreach na Síne agus ó Rialtas na Síne, ní raibh aon fhaisnéis a bhain go sonrach le cuideachtaí ag an gComisiún ar ar a bonn sin a d'fhéadfaí méid an fhóirdheontais a tugadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh.

(158) In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Mar sin féin, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, mheas an Coimisiún gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm cóireáil cánach fhabhrach le haghaidh speansais T&F, arbh ionann í agus ranníocaíocht airgeadais lena dtugtar tairbhe faoi Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán.

***Conclúid***

(159) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, agus in éagmais aon argóint dá mhalairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm ioncam rialtais atá ligthe thar ceal le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é gur ranníocaíocht airgeadais a mbaintear tairbhe as agus gur ranníocaíocht shonrach í, tá fóirdheontais faoin scéim seo in-fhrithchúitithe.

3.7.3. *Díolúine ó cháin ar ioncam ó dhíbhinní idir fiontair chónaithe cháilithe*

3.7.3.1. Torthaí an imscrúdaithe bunaidh

(160) Déantar foráil maidir leis an díolúine chánach ó ioncam díbhinní in Airteagal 25 agus Airteagal 26 de dhlí CIF agus Airteagal 83 de na Rialacháin ar Chur i bhFeidhm an Dlí ar Cháin Ioncaim Fiontair.

(161) San imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún gur fóirdheontas é an díolúine sin ó cháin de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb é atá i gceist leis ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam atá ligthe thar ceal ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann, tairbhe atá comhionann leis an difríocht idir an méid cánach a bhailítear de ghnáth agus an méid cánach iarbhír a d'íoc an chuideachta lena mbaineann. Chinn an Coimisiún freisin go bhfuil an fóirdheontas sonrach toisc go gcuireann an reachtaíocht teorainn leis an gcur i bhfeidhm do chuideachtaí áirithe.

(162) Shuigh an Coimisiún méid an fhóirdheontais *ad valorem* i dtaca leis an bhfóirdheontas sin idir 0 % agus 0,04 % le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha sampláilte.

3.7.3.2. Leanúint den chlár fóirdheontais

(163) Sholáthair an t-iarratasóir fianaise san iarraidh ar athbhreithniú éaga gur grúpaí corparáideacha móra iad roinnt táirgeoirí rothar leictreach sa tSín atá comhdhéanta de roinnt cuideachtaí agus eintitis dhlítheanacha de chuid na Síne agus, dá bhrí sin, go mbeadh siad i dteideal leanúint den scéim fóirdheontais sin a úsáid.

(164) Thairis sin, ní bhfuair an Coimisiún aon fhianaise ná aon tásc a thugann le fios nach mbeadh an scéim fóirdheontais infheidhme le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó go mbeadh athrú tagtha ar na forálacha dlíthiúla lena rialaítear í.

(165) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean táirgeoirí rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm díolúine ó cháin ar ioncam díbhinní idir fiontair chónaitheacha cháilithe.

***Sainiúlacht***

(166) Fóirdheontais a chuirtear ar fáil faoin scéim seo, is fóirdheontais shonracha iad faoi Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach bhféadfadh ach líon teoranta cuideachtaí/tionscal tairbhe a bhaint as an scéim.

***Tairbhe***

(167) De cheal freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí rothar leictreach na Síne agus ó Rialtas na Síne, ní raibh aon fhaisnéis a bhain go sonrach le cuideachtaí ag an gComisiún ar ar a bonn sin a d'fhéadfaí méid an fhóirdheontais a tugadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh.

(168) In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Mar sin féin, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus in éagmais aon fhaisnéise dá mhalairt, mheas an Coimisiún gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm díolúine ó cháin ar ioncam díbhinne idir fiontair chónaitheacha cháilithe, arbh ionann í agus ranníocaíocht airgeadais lena dtugtar tairbhe faoi Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán.

***Conclúid***

(169) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean an tionscal rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm ioncam rialtais atá ligthe thar ceal. Ós rud é gur ranníocaíocht airgeadais atá ann lena dtugtar tairbhe agus gur ranníocaíocht shonrach í, tá fóirdheontais faoin scéim seo in-fhrithchúitithe.

3.8. **Cláir Deontais**

3.8.1. *Deontais ad hoc a sholáthraíonn údaráis bhardasacha/réigiúnacha*

3.8.1.1. Torthaí an imscrúdaithe bunaidh

(170) Shuigh an Coimisiún san imscrúdú bunaidh go bhfuair táirgeoirí rothar leictreach i nDaon-Phoblacht na Síne roinnt deontas *ad hoc* aonair ó údaráis ar leibhéil éagsúla, i.e. ar leibhéal náisiúnta, cúige, cathrach, tíre nó rialtais ceantair. Dámhadh na deontais sin ar chúiseanna éagsúla agus chun críoch éagsúil, e.g. cistí paitinne, cistí agus dámhachtainí eolaíochta agus teicneolaíochta, cistí forbartha gnó, cistí um chur chun cinn onnmhairiúcháin, deontais chun páirt a ghlacadh i dtaispeántais, uasghrádú ar threalamh monaraíochta, gairmoiliúint agus cistí tacaíochta ginearálta éagsúla eile.

(171) Measadh gur fóirdheontais iad na deontais faoi Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán. Suíodh freisin go raibh siad sonrach toisc gur mheas an Coimisiún go raibh siad teoranta do chuideachtaí áirithe nó do thionscadail shonracha i réigiúin shonracha agus/nó i dtionscal na rothar leictreach. Suíodh freisin go raibh roinnt deontas ag brath ar onnmhairiú.

(172) Ríomhadh an tairbhe sa tréimhse imscrúdúcháin mar an méid a fuarthas sa tréimhse imscrúdúcháin, nó leithdháileadh é ar an tréimhse imscrúdúcháin, i gcás inar dímheasadh an méid thar shaolré úsáide na sócmhainne seasta lena mbaineann an deontas ([83]).

(173) Shuigh an Coimisiún an ráta fóirdheontais i dtaca leis an mbeart sin idir 0,07 % agus 0,25 % le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha sampláilte.

3.8.1.2. Leanúint den chlár fóirdheontais

(174) Sholáthair an t-iarratasóir fianaise san iarraidh ar athbhreithniú éaga gur lean táirgeoirí rothar leictreach sa tSín de dheontais *ad hoc* aonair a fháil ó údaráis bhardasacha agus réigiúnacha ([84]) i méideanna móra, rud a léiríonn go bhfuil tacaíocht an rialtais do thionscal na rothar leictreach sa tSín cuimsitheach, náisiúnta agus córasach.

(175) Thairis sin, ní sholáthraíonn Rialtas na Síne ná aon táirgeoir onnmhairiúcháin aon fhianaise ná táscaire a thabharfadh le fios nach mbainfeadh tionscal na rothar leictreach sa tSín tairbhe as na deontais sin a thuilleadh. Go deimhin, ós rud é gur tionscal spreagtha an tionscal atá i gceist agus gur tosaíocht do Rialtas na Síne é a fhorbairt, mheas an Coimisiún nach bhféadfaí a shamhlú nár lean an táirgeoir rothar leictreach de dheontais *ad hoc* iomadúla agus éagsúla a fháil ó údaráis ar leibhéil riaracháin éagsúla chun forbairt leanúnach an tionscail a áirithiú i gcomhréir leis an mbeartas tionsclaíoch náisiúnta.

(176) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean táirgeoirí rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm deontais éagsúla.

***Sainiúlacht***

(177) In éagmais aon fhianaise dá mhalairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil na deontais ad hoc sonrach ar na forais chéanna leis an imscrúdú bunaidh (féach aithris (171)).

***Tairbhe***

(178) De cheal freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí rothar leictreach na Síne agus ó Rialtas na Síne, ní raibh aon fhaisnéis a bhain go sonrach le cuideachtaí ag an gCoimisiún ar ar a bonn sin a d'fhéadfaí méid an fhóirdheontais a tugadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh.

(179) In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá méid beacht na bhfóirdheontas a fuarthas a chainníochtú. Mar sin féin, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus in éagmais aon fhaisnéise dá mhalairt, mheas an Coimisiún gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm deontais *ad hoc* ó leibhéil éagsúla de na húdaráis rialtais, arbh ionann í agus ranníocaíocht airgeadais lena dtugtar tairbhe faoi Airteagal 3(1)(a)(i) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán.

***Conclúid***

(180) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean an tionscal rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais i bhfoirm deontas. Ós rud é gur ranníocaíocht airgeadais a mbaintear tairbhe as agus gur ranníocaíocht shonrach í, tá fóirdheontais faoin scéim seo in-fhrithchúitithe.

([83]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72, aithris (571).
([84]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Roinn 6.2.e. agus na hIarscríbhinní comhfhreagracha.

### 3.9. **Conclúid fhoriomlán maidir le leanúint leis an bhfóirdheonú**

(181) San imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún méid iomlán an fhóirdheontais *ad valorem* in-fhrithchúitithe idir 3,9 % agus 17,2 % le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha sampláilte. Shuigh sé thairis sin méid fóirdheontas in-fhrithchúitithe 9,2 % le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte agus ráta dleachta 17,2 % ar fud na tíre le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin uile eile.

(182) I bhfianaise thorthaí an Choimisiúin i leith na scéimeanna agus na gclár fóirdheontais éagsúla a scrúdaíodh thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean táirgeoirí rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais in-fhrithchúitithe ar leibhéal atá os cionn an leibhéil *de minimis* le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(183) Tar éis an nochta, mhaígh páirtí leasmhar amháin go raibh an chonclúid gur lean tionscal na rothar leictreach sa tSín de thairbhe a bhaint as fóirdheontais mícheart. Chun bunús a thabhairt leis an maíomh sin, ceanglaíodh aighneachtaí ó thriúr ionadaithe ó tháirgeoirí rothar leictreach Síneacha, ina raibh ráitis nach bhfuarthas aon fhóirdheontas. Mheas an Coimisiún nárbh fhéidir glacadh le ráitis na dtáirgeoirí sin, a cuireadh isteach gan aon fhianaise fholuiteach, toisc nár tháinig na táirgeoirí sin chun cinn san imscrúdú agus nár chomhoibrigh siad. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

### 3.10. **Forbairt allmhairí dá ndéanfaí na bearta a aisghairm**

(184) Mar thoradh ar an gcinneadh gur leanadh d'fhóirdheonú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfaí d'allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith ón tír lena mbaineann, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

#### 3.10.1. *An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín*

(185) In éagmais comhoibriú ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, bhunaigh an Coimisiún a thorthaí maidir leis an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir ina iarraidh ar athbhreithniú.

(186) Léirigh an fhaisnéis a bhí ar fáil go bhfuil ró-acmhainneacht ghinearálta ann i dtáirgeadh rothar leictreach sa tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ó thaobh na hacmhainneachta táirgeachta ([85]) sa tSín le linn na tréimhse sin de, measadh gur 130 milliún píosa in aghaidh na bliana a bhí i gceist. Ina theannta sin, is féidir táirgeadh rothar caighdeánach na Síne a aistriú go héasca chuig táirgeadh rothar leictreach, rud a bhféadfadh acmhainneacht iomlán os cionn 400 milliún píosa a bheith i gceist leis ([86]). De réir fhaisnéis an iarratasóra faoin margadh, ba é a bhí i dtáirgeacht agus díolacháin iarbhír na Síne 57 milliún píosa, rud a léirigh acmhainneacht bhreise mheasta de 73 milliún píosa a bheith ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ([87]). An acmhainneacht bhreise sin, ar 15 oiread níos mó í ná tomhaltas iomlán an Aontais le linn na tréimhse céanna, d'fhéadfaí í a onnmhairiú chuig an Aontas dá scoirfeadh na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair d'fheidhm a bheith acu.

(187) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh acmhainneachtaí breise suntasacha ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cainníochtaí móra a onnmhairiú chuig an Aontas ar phraghsanna fóirdheonaithe dá ligfí do na bearta dul as feidhm.

([85]) De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil bunaithe ar a eolas ar an margadh, faisnéis ó shuíomhanna gréasáin de chuid líon mór táirgeoirí rothar leictreach sa tSín agus an '*White Paper on China's Two-Wheeled Electric Vehicle Industry*' [Páipéar Bán ar Thionscal Feithiclí Leictreacha Dhá Roth na Síne], atá ar fáil ag https://m.thepaper.cn/baijahao_17589803 (a breathnaíodh go deireanach an 7 Deireadh Fómhair 2024). Féach Iarscríbhinn 8 den iarraidh, atá le fáil in Tron.tdi t24.000756.

([86]) Bunaithe ar eolas an iarratasóra ar an margadh agus ar shuíomhanna gréasáin tháirgeoirí aitheanta rothar leictreach na Síne. Féach Iarscríbhinn 4 den iarraidh, atá le fáil in Tron.tdi t24.000756.

([87]) Bunaithe ar na foinsí a luaitear i bhfonótaí 85 agus 96. Féach Iarscríbhinní 8 agus 9 den iarraidh, atá le fáil in Tron.tdi t24.000756.

3.10.2. *Tarraingteacht mhargadh an Aontais*

(188) Bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh, bhí margadh an Aontais le haghaidh rothair leictreacha fós tarraingteach d'onnmhaireoirí de chuid na Síne. Ó bhí an t-imscrúdú bunaidh ann, tá laghdú tagtha ar allmhairí ón tSín i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon. Ó bhí 2020 ann, áfach, nuair a bhí na méideanna allmhairí ón tSín ag an leibhéal is ísle, tháinig méadú suntasach ar allmhairí sa tslí go raibh dhá oiread acu ann nach mór d'ainneoin na mbeart a bhí i bhfeidhm (féach tábla 2 thíos). An sciar den mhargadh a bhí ag an tSín roimhe seo, tá páirt de glactha ag tríú tíortha eile, amhail an Téaváin, ar tír í a mhéadaigh a méid onnmhairí chuig an Aontas i gcás an táirge faoi athbhreithniú ó rinneadh an t-imscrúdú roimhe seo. An tráth céanna, ba í an tSín an tríú honnmhaireoir ba mhó i gcás allmhairí rothar leictreach chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léiríonn sé sin gur margadh tarraingteach fós é an tAontas d'onnmhaireoirí ón tSín.

(189) Tá margadh an Aontais le haghaidh rothair leictreacha ar cheann de na margaí is mó sa domhan, agus bhain tomhaltas 4 979 000 tona leis le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ina theannta sin, mar a mhínítear san iarraidh ar athbhreithniú, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar rothair leictreacha sna blianta amach romhainn mar gheall ar bheartais chomhshaoil an Aontais (i measc nithe eile).

(190) Thairis sin, fiú agus na bearta i bhfeidhm, lean na honnmhairí ón tSín chuig an Aontas agus tá sciar neamhdhiomaibhseach den mhargadh acu, rud a léirigh go raibh margadh an Aontais fós tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne agus go mbeidh sé go fóill amach anseo.

(191) Dá bhrí sin, bunaithe ar an ró-acmhainneacht shuntasach i nDaon-Phoblacht na Síne agus tarraingteacht mhargadh an Aontais, mheas an Coimisiún sa deireadh, dá ligfí do na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair dul in éag, gur dócha go leanfaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne de rothair leictreacha fóirdheonaithe a onnmhairiú chuig an Aontas i méideanna móra, agus na honnmhairí sin a mhéadú.

3.10.3. *Conclúid maidir le leanúint den fhóirdheonú*

(192) I bhfianaise a thorthaí maidir le leanúint an fhóirdheonaithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus ar an dóchúlacht go rachaidh na hallmhairí chuig an Aontas i méid má théann na bearta in éag, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, gur mór an dóchúlacht go leanfaidh na hallmhairí fóirdheonaithe de bheith ag teacht isteach má ligtear do na bearta frithchúitimh ar allmhairí rothar leictreach ón tSín.

## 4. **DÍOBHÁIL**

### 4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(193) Rinne 67 dtáirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 9(1) den bhun-Rialachán.

(194) Suíodh gur thart ar 4 560 000 píosa táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bunaíodh an uimhir sin ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail *The European Bicycle Industry & Market Profile report*, agus staidéar eacnamaíoch a rinne Cónaidhm Thionscal Rothar na hEorpa ('CONEBI'). Mar a léirítear in aithris (11), roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla, táirgeoirí a dhéanann tuairim agus 23,4 % de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas.

### 4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(195) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin Eurostat agus mhéid díolachán thionscal an Aontais san Aontas, mar a chuir CONEBI isteach.

(196) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

*Tábla 1*

**Tomhaltas an Aontais (píosaí)**

| | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Iomlán an Aontais Tomhaltas (píosaí) | 4 377 000 | 4 892 000 | 5 325 000 | 4 979 000 |
| *Innéacs* | *100* | *112* | *122* | *114* |

*Foinse:* Eurostat agus CONBEI

(197) Tháinig méadú ar thomhaltas iomlán rothar leictreach san Aontas ó thart ar 4,3 milliún rothar leictreach in 2020 go 5,3 milliún rothar leictreach in 2022. Mar thoradh ar fheabhsaithe dearaidh agus feidhmíochta, mar aon le feasacht níos fearr ar an gcomhshaol i measc shaoránaigh an Aontais, tá méadú leanúnach tagtha ar thomhaltas rothar leictreach. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, tháinig laghdú 346 000 píosa ar thomhaltas rothar leictreach san Aontas i gcomparáid le 2022 tar éis laghdú ar an éileamh a tharla roinnt ama tar éis deireadh a chur leis na bearta COVID-19 deireanacha sa chéad leath de 2022.

### 4.3. **Allmhairí ón tSín**

#### 4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tSín*

(198) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(199) Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí trí chomparáid a dhéanamh idir méideanna na n-allmhairí sin agus tomhaltas an Aontais mar a léirítear i dTábla 1.

(200) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontais ón tSín:

*Tábla 2*

**Méid allmhairí (píosaí) agus sciar den mhargadh**

| | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid allmhairí ón tSín (píosaí) | 102 757 | 210 806 | 268 148 | 220 914 |
| *Innéacs* | *100* | *205* | *261* | *215* |
| Sciar den mhargadh(%) | 2,3 | 4,3 | 5,0 | 4,4 |
| *Innéacs* | *100* | *184* | *214* | *189* |

*Foinse:* Eurostat agus CONBEI

(201) Fiú agus na bearta i bhfeidhm, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí Síneacha ó 2,3 % in 2020 go 4,4 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

#### 4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tSín agus sladghearradh praghais*

(202) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(203) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tSín:

*Tábla 3*

**Praghsanna allmhairí (EUR/ píosa)**

| | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An tSín | 294 | 354 | 449 | 298 |
| *Innéacs* | *100* | *120* | *153* | *101* |

*Foinse:* Eurostat

(204) Lean meánphraghsanna na n-allmhairí ón tSín de bheith an-íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In 2020 agus 2021, bhí na praghsanna a thuairiscigh Eurostat níos ísle fós ná na meánphraghsanna a fuarthas san imscrúdú tosaigh (i.e. idir EUR 422 agus EUR 477).

(205) De réir shonraí Eurostat, bhí praghsanna in 2022 níos airde go sealadach, ach fós níos ísle ná praghsanna allmhairiúcháin na Síne in 2016 (i.e. EUR 477).

(206) Toisc nach raibh aon chomhoibriú ann ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín, rinne an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a chinneadh trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh tháirge faoi athbhreithniú na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(2) meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha an táirge faoi athbhreithniú ón tSín chuig margadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), lena n-áirítear an dleacht frithdhumpála (gach cuideachta eile 62,1 %) agus an dleacht frithchúitimh (gach cuideachta eile 17,2 %), le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim (6 %) agus ar chostais iar-allmhairiúcháin (2 %).

(207) Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Idir 68 % agus 80 % a bhí sa sladghearradh praghais. Gan na dleachtanna, ba é 82,8 % an sladghearradh praghais.

4.3.3. *Allmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín*

(208) Ba ón Téaváin agus ó Vítneam go príomha a tháinig allmhairí rothar leictreach ó thríú tíortha seachas ón tSín.

(209) Ba mar a leanas a d'fhorbair méid (comhiomlánaithe) na n-allmhairí isteach san Aontas chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treochtaí praghsanna maidir le hallmhairí rothar leictreach ó thríú tíortha eile:

*Tábla 4*

**Allmhairí ó thríú tíortha**

| Tír | | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|---|
| an Téaváin | Méid (píosaí) | 506 822 | 539 473 | 598 920 | 435 315 |
| | *Innéacs* | *100* | *106* | *118* | *86* |
| | Sciar den mhargadh | 11,6 % | 11,0 % | 11,2 % | 8,7 % |

| Tír | | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | Meánphraghas (EUR/píosa) | 1 092 | 1 046 | 1 168 | 1 393 |
| | *Innéacs* | *100* | *96* | *107* | *128* |
| Vítneam | Méid (píosaí) | 162 787 | 173 204 | 210 321 | 199 070 |
| | *Innéacs* | *100* | *106* | *129* | *122* |
| | Sciar den mhargadh | 3,7 % | 3,5 % | 3,9 % | 4,0 % |
| | Meánphraghas (EUR/píosa) | 542 | 585 | 762 | 790 |
| | *Innéacs* | *100* | *108* | *140* | *146* |
| Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann | Méid (píosaí) | 827 640 | 960 338 | 1 081 033 | 812 356 |
| | *Innéacs* | *100* | *116* | *131* | *98* |
| | Sciar den mhargadh | 18,9 % | 19,6 % | 20,3 % | 16,3 % |
| | Meánphraghas (EUR/píosa) | 966 | 935 | 1 082 | 1 258 |
| | *Innéacs* | *100* | *97* | *112* | *130* |

*Foinse:* Eurostat

(210) Tháinig méadú idir 2020-2022 ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí iomlána an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha seachas an tSín agus shroich sé 20,3 % in 2022. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, thit sé go 16,3 %, leibhéal níos ísle ná mar a bhí in 2020.

### 4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

#### 4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(211) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar na táscairí eacnamaíoch uile a raibh tionchar acu ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(212) Mar a luaitear in aithris (11), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(213) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na faisnéise a sholáthair CONBEI. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir.

(214) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainne, méid an díolacháin, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh fóirdheontais, agus téarnamh tar éis fóirdheontas a fuarthas san am atá thart.

(215) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(216) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 5*

**Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta**

| | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid táirgeachta (píosaí) | 3 428 000 | 4 284 000 | 5 145 000 | 4 560 000 |
| *Innéacs* | *100* | *125* | *150* | *133* |
| An acmhainneacht táirgeachta (píosaí) | 5 801 885 | 7 501 519 | 7 550 464 | 7 103 289 |
| *Innéacs* | *100* | *129* | *130* | *122* |
| Úsáid acmhainneachta (%) | 59 | 57 | 68 | 64 |
| *Innéacs* | *100* | *97* | *115* | *109* |

*Foinse:* CONBEI, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(217) Tháinig méadú seasta ar an acmhainneacht táirgeachta agus ar an táirgeacht san Aontas sa tréimhse ó 2020 go 2022 mar thoradh ar éileamh méadaithe le linn phaindéim COVID-19. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, tháinig laghdú ar mhéideanna táirgeachta agus ar acmhainneachtaí mar gheall ar an méadú méadaithe ar stoc le linn COVID-19, nuair a bhí táirgeoirí an Aontais ag súil le díolacháin leanúnacha ar leibhéal brostaithe, rud nár tharla toisc gur tháinig laghdú suntasach ar an éileamh tar éis COVID-19.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(218) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

***Tábla 6***

**An méid díolachán agus an sciar den mhargadh *(píosaí)***

| | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid díolachán ar mhargadh an Aontais | 3 446 603 | 3 720 856 | 3 975 819 | 3 945 730 |
| *Innéacs* | *100* | *108* | *115* | *114* |
| Sciar den mhargadh (%) | 78,7 | 76,1 | 74,7 | 79,2 |
| *Innéacs* | *100* | *97* | *95* | *101* |

*Foinse:* CONBEI, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(219) Tháinig méadú ar dhíolacháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go háirithe mar gheall ar an éileamh méadaithe le linn phaindéim COVID-19. A luaithe a cuireadh deireadh le bearta COVID-19, áfach, tháinig laghdú ar an éileamh ar rothair leictreacha, rud a d'fhág go raibh figiúirí díolacháin níos ísle ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thairis sin, bhí tionchar ag an staid eacnamaíoch in 2022 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (go háirithe costais fuinnimh níos airde, boilsciú) ní hamháin ar thionscal an Aontais ach ar thomhaltóirí freisin, go háirithe iad a bhfuil cumhacht cheannaigh níos lú acu. Dá bhrí sin, níor tháinig aon mhéadú ar dhíolacháin thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2022, agus tháinig méadú 4,5 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais.

4.4.2.3. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(220) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 7*

**Fostaíocht agus táirgiúlacht**

| | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An líon fostaithe | 8 354 | 10 972 | 12 125 | 10 716 |
| *Innéacs* | *100* | *131* | *145* | *128* |
| Táirgiúlacht (píosaí/fostaí) | 410 | 390 | 424 | 426 |
| *Innéacs* | *100* | *95* | *103* | *104* |

*Foinse:* CONBEI, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(221) Tháinig méadú 28 % ar an leibhéal fostaíochta i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an chuid is mó den mhéadú sin idir 2020 agus 2022 mar thoradh ar an éileamh méadaithe le linn phaindéim COVID-19. In 2023 tháinig laghdú ar an líon fostaithe mar gheall ar an laghdú ar mhéideanna táirgeachta. D'fhan acmhainneacht táirgeachta measartha cobhsaí i rith na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.2.4. Fás

(222) Ós rud é gur fhan díolacháin cobhsaí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2022, cé gur tháinig laghdú ar thomhaltas, d'éirigh le tionscal an Aontais a sciar den mhargadh a mhéadú 4,5 % sa tréimhse sin.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh fóirdheontais agus téarnamh ó fhóirdheonú a tharla roimhe seo

(223) Bhí leibhéal na n-allmhairí ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe an-teoranta, agus bhí 4,4 % de thomhaltas an Aontais i gceist leo. Dá bhrí sin, bhí an tionchar a bhí ag méid an fhóirdheonaithe ar thionscal an Aontais measartha teoranta.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(224) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 8*

**Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/píosa)**

| | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Meánphraghas díola aonaid san Aontas | 1 533 | 1 633 | 1 719 | 1 871 |
| *Innéacs* | *100* | *107* | *112* | *122* |
| Costas aonaid na táirgeachta | 1 419 | 1 516 | 1 589 | 1 786 |
| *Innéacs* | *100* | *107* | *112* | *126* |

*Foinse:* Táirgeoirí an Aontais a sampláladh

(225) Tháinig méadú ar na meánphraghsanna díola a bhí ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, chomh maith leis na costais táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a léirigh go príomha in 2020 agus 2021 an t-athrú ar an meascán táirgí agus ar an dul chun cinn teicneolaíoch i mótair agus ceallraí rothar leictreach, ach in 2022 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, léirigh an méadú sin freisin costais táirgthe mhéadaithe mar gheall ar an staid eacnamaíoch ghinearálta ar bhain boilsciú agus costais fuinnimh níos airde léi.

4.4.3.2. Costais saothair

(226) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 9*

**Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí**

| | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR) | 28 793 | 31 722 | 32 122 | 35 447 |
| *Innéacs* | *100* | *110* | *112* | *123* |

*Foinse:* Táirgeoirí an Aontais a sampláladh

(227) Cé go raibh laghdú ar an líon fostaithe i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2022 tar éis laghdú ar an éileamh, tháinig méadú leanúnach ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí sa tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.3.3. Fardail

(228) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 10*

**Fardail**

| | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Stoic dheiridh (píosaí) | 37 309 | 30 236 | 77 734 | 198 958 |
| *Innéacs* | *100* | *81* | *208* | *533* |

*Foinse:* Táirgeoirí an Aontais a sampláladh

(229) Tharla na méaduithe sna fardail mar gheall ar an méadú méadaithe ar stoc le linn COVID-19 nuair a bhí méadú suntasach ar an éileamh, mar aon le fadhbanna sa slabhra soláthair toisc go raibh táirgeoirí an Aontais ag ró-ordú amhábhar agus comhpháirteanna chun riachtanais táirgthe a chomhlíonadh. A luaithe a réitíodh na fadhbanna sa slabhra soláthair, áfach, fuair táirgeoirí de chuid an Aontais níos mó amhábhar agus comhpháirteanna ná mar a bhí ag teastáil uathu. Ina dhiaidh sin, tháinig laghdú ar an éileamh ar rothair leictreacha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomparáid le 2022, rud a d'fhág go raibh líon an-ard fardal ag táirgeoirí an Aontais ag deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(230) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 11*

**Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí**

| | 2020 | 2021 | 2022 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán) | 7,5 | 7,4 | 7,8 | 5,4 |
| *Innéacs* | *100* | *98* | *104* | *72* |
| Sreabhadh airgid (EUR) | 145 777 915 | 96 187 869 | 68 459 937 | - 86 504 717 |
| *Innéacs* | *100* | *66* | *47* | *- 59* |
| Infheistíochtaí (EUR) | 5 545 607 | 12 373 944 | 11 588 325 | 5 781 801 |
| *Innéacs* | *100* | *223* | *209* | *104* |
| Toradh ar infheistíochtaí (%) | 147 | 127 | 163 | 111 |
| *Innéacs* | *100* | *86* | *111* | *75* |

*Foinse:* Táirgeoirí an Aontais a sampláladh

(231) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais fós brabúsach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, thit an bhrabúsacht mar gheall ar chostais mhéadaithe.

(232) Ós rud é go raibh an bhrabúsacht cobhsaí ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú bhí tionscal an Aontais in ann infheistíochtaí móra a dhéanamh.

(233) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig laghdú suntasach ar an sreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus d'éirigh sé diúltach in 2023. Chuaigh an toradh ar infheistíochtaí in olcas, rud a d'fhág gur dheacair do thionscal an Aontais caipiteal a chruinniú agus fás. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú 50 % ar infheistíochtaí i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2022.

### 4.5. **Conclúid maidir le díobháil**

(234) Tháinig méadú seasta ar tháscairí eile amhail acmhainneacht, díolacháin agus fostaíocht san Aontas sa tréimhse ó 2020 go 2022 mar thoradh ar an éileamh méadaithe le linn phaindéim COVID-19. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, tháinig laghdú ar mhéideanna táirgeachta, acmhainneachtaí, díolacháin agus fostaíocht, mar gheall ar an méadú ar charnadh an stoic le linn phaindéim COVID-19, agus ina dhiaidh sin tháinig laghdú ar an éileamh mar thoradh ar dheireadh a chur le bearta COVID-19 agus ar an athrú ar an staid eacnamaíoch san Aontas, arb iad costais arda fuinnimh agus boilsciú go háirithe ba shiocair leis.

(235) Maidir leis na táscairí micreacnamaíocha, suíodh san imscrúdú gur fhan brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais sa tréimhse ó 2020 go 2022 os cionn 7 %. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, thit brabúsacht thionscal an Aontais go 5,4 %. Tháinig laghdú ar an sreabhadh airgid ó 2020 go 2022 agus d'éirigh sé diúltach in 2023. Chuaigh an toradh ar infheistíochtaí in olcas, rud a d'fhág gur dheacair do thionscal an Aontais caipiteal a chruinniú agus fás.

(236) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna tionscal an Aontais téarnamh ó dhíobháil ábhartha a bhí ann roimhe de réir bhrí Airteagal 8 den bhun-Rialachán, díobháil arbh iad allmhairí fóirdheonaithe ón tSín ba chúis léi. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, áfach, tháinig meath ar roinnt táscairí díobhála, agus bhí tionscal an Aontais i staid a bhí leochaileach ó thaobh an gheilleagair de arís. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún tuilleadh scrúdaithe ar an dóchúlacht go dtarlódh díobháil arís arbh iad allmhairí fóirdheonaithe ón tSín ba chúis leis an díobháil i dtosach báire, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.

## 5. **AN DÓCHÚLACHT GO NDÉANFAR AN DÍOBHÁIL ARÍS**

(237) Rinne an Coimisiún anailís ar na heilimintí seo a leanas chun an dóchúlacht go ndéanfar díobháil arís a shuí, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas, agus an tionchar a bheadh ag allmhairí féideartha agus leibhéil phraghais na n-allmhairí sin ó na tíortha sin ar mhargadh an Aontais.

### 5.1. **Acmhainneacht bhreise sa tSín agus tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(238) Mar a thugtar tuairisc air agus mar a shonraítear cheana i roinn 3.10.1 thuas, tá acmhainneachtaí breise móra ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín, acmhainneachtaí a d'fhéadfaí a úsáid chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh lena onnmhairiú chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag. 73 mhilliún píosa a d'fhéadfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha a onnmhairiú, méid atá go mór os cionn mhéid mhargadh an Aontais.

(239) Mar a shonraítear agus mar a leagtar amach i roinn 3.10.2 thuas, tá margadh rothar leictreach an Aontais ar cheann de na margaí is mó ar domhan agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar rothair leictreacha sna blianta amach romhainn mar gheall ar bheartais chomhshaoil san Aontas, i measc cúiseanna eile. D'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig a bpríomh-thríú margaí ar phraghsanna a bhí go mór faoi bhun mheánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais i margadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh onnmhairiú chuig an Aontas a bheith i bhfad níos tarraingtí d'onnmhaireoirí na Síne. Dá dheasca sin, is féidir coinne a bheith ann go réasúnta, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm, go dtosódh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ar mhéideanna arda an táirge faoi athbhreithniú a onnmhairiú chuig an Aontas.

### 5.2. **Praghsanna allmhairiúcháin dóchúla na Síne agus an tionchar ar thionscal an Aontais**

(240) Chun a shuí conas a dhéanfadh na hallmhairí ón tSín difear do thionscal an Aontais dá ndéanfaí na bearta a fhoirceannadh, rinne an Coimisiún anailís chomparáideach ar phraghsanna i gcás nach mbeadh bearta frith-fhóirdheontais ann.

(241) Chun meastachán a dhéanamh ar an bpraghas dóchúil ar a ndíolfadh táirgeoirí na Síne agus iad ag onnmhairiú chuig margadh an Aontais, rinne an Coimisiún comparáid praghais idir meánphraghas tháirgeoirí sampláilte an Aontais (díreach ón monarcha) agus meánphraghas comhfhreagrach an táirge faoi athbhreithniú ón tSín nuair a onnmhairítear é chuig tríú tíortha amhail an Ríocht Aontaithe, an Tuirc, an Iorua nó an tSeirbia, a bhfuil cóid ar leithligh acu le haghaidh rothair leictreacha agus nach bhfuil aon bheart i bhfeidhm ina leith.

(242) Léirigh toradh na comparáide gur idir EUR 210 agus EUR 650 a bhí i meánphraghas onnmhairí Síneacha an táirge lena mbaineann chuig na tíortha thuasluaite, i.e. praghas atá i bhfad níos ísle ná praghas thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, má ligtear do na bearta dul in éag, is dócha go dtiocfaidh allmhairí ón tSín isteach sa mhargadh i méideanna móra, mar a rinneadh i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaithe, agus ar phraghsanna ísle, rud a dhéanfadh díobháil.

(243) I bhfianaise a bhfuil thuas, is é conclúid an Choimisiún gur mór an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú suntasach ar allmhairí fóirdheonaithe ón tSín ar phraghsanna díobhálacha má dhéantar na bearta a aisghairm. Dá thoradh sin, bheadh inmharthanacht thionscal an Aontais i mbaol mór.

## 6. **LEAS AN AONTAIS**

(244) I gcomhréir le hAirteagal 31 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist cé acu a bheadh sé in aghaidh leas an Aontais iomláin nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frith-fhóirdheontais atá i bhfeidhm faoi láthair ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

### 6.1. **Leas thionscal an Aontais**

(245) Léirigh an t-imscrúdú go mbeidh tionchar diúltach ar thionscal an Aontais má théann na bearta in éag. Leis na bearta sin, athbhunaíodh cothrom iomaíochta ar mhargadh an Aontais. Thug sé sin deis do chuideachtaí nua dul isteach sa mhargadh, go háirithe sna deighleoga iontrála agus sna deighleoga meánraoin. Tháinig méadú beagnach faoi dhó ar líon na dtáirgeoirí rothar leictreach aitheanta de chuid an Aontais ó thart ar 37 in 2020 go 67 in 2023, d'ainneoin na ndúshlán a d'eascair as an staid eacnamaíoch in 2022-2023. Tháinig méadú níos mó ná 1 mhilliún ar líon na rothar leictreach a táirgeadh san Aontas idir 2020 (3,4 milliún) agus 2023 (4,5 milliún) agus tuartar go dtiocfaidh méadú breise fós air. Tháinig méadú ar líon na bhfostaithe díreacha ó thart ar 3 500 le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh go beagnach 11 000 le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(246) Má chuirtear deireadh leis na bearta frithchúitimh, cuirfear táirgeoirí de chuid an Aontais i mbaol, go háirithe iad siúd a fhreastalaíonn ar dheighleoga na rothar leictreach ar leibhéal iontrála agus meánraoin, lena n-áirítear roinnt mhaith táirgeoirí níos lú ar fud thionscal an Aontais.

(247) Is é is cúis leis an staid leochaileach gur gnó dianchaipitil é táirgeadh rothar leictreach, toisc go bhfuil stoic shubstaintiúla de pháirteanna rothair ag teastáil i gcónaí chun an táirgeadh a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, tá infheistíochtaí móra déanta ag táirgeoirí an Aontais i dtáirgeadh inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol agus i bhfeabhsuithe ar tháirgí le blianta beaga anuas. Má chuirtear deireadh leis na bearta frith-fhóirdheontais, chuirfear bac ar shaineolas innealtóireachta praiticiúla a fhorbairt chun ardteicneolaíochtaí deiridh a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear uathoibriú agus nua-ábhair.

(248) Ina theannta sin, de réir na hiarrata ar athbhreithniú éaga, tá tionscal rothar leictreach an Aontais ar cheann de na tionscail ghlasa is mó, agus sholáthair níos mó ná 1 000 fiontar beag agus meánmhéide ('FBManna') thart ar 80 000 post de réir Thuarascáil & Phróifíl Mhargaidh Thionscal Rothar na hEorpa 2024. Áirítear leis sin poist táirgthe dhíreacha agus indíreacha agus poist i dtionscail réamhtheachtacha, gabhálais rothar, déileálacha rothar, etc.

(249) Ar bhonn a bhfuil thuas, is chun leasa an Aontais é síneadh a chur leis na bearta.

6.2. **Leas na gcóimeálaithe**

(250) Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na húsáideoirí aitheanta agus na hallmhaireoirí neamhchomhlachaithe uile.

(251) Tar éis an tionscnaimh, ba é Grúpa ad hoc an t-aon pháirtí a tháinig chun cinn agus a thug barúlacha, thar ceann 8 gcuideachta bheaga san Aontas a chóimeálann páirteanna rothar leictreach arna n-allmhairiú ón tSín agus ó thríú tíortha eile. Bhain a bpríomhbharúil le cur chun feidhme na mbeart i gcoinne allmhairiú (gnáth)p(h)áirteanna rothar ón tSín, rud a chruthaíonn éiginnteacht faoi na rialacha dlíthiúla maidir le hallmhairiú comhpháirteanna rothar leictreach agus, dá bhrí sin, a fhágann go bhfuil sé deacair páirteanna de rothair leictreacha, nach bhfuil faoi réir beart, a allmhairiú. Chuir an grúpa i gcoinne síneadh a chur leis na bearta, go príomha mar gheall ar na fadhbanna atá ann faoi láthair maidir le hallmhairí comhpháirteanna, mar aon leis an riosca go leathnófaí na bearta chun na comhpháirteanna rothar leictreach sin a chumhdach, agus d'áitigh sé go mbeadh sé níos éifeachtúla faireachas margaidh a úsáid chun grinnscrúdú a dhéanamh ar chomhlíontacht allmhairí ón tSín leis na rialacháin ábhartha uile chun aghaidh a thabhairt ar allmhairí rothar leictreach a thrádáiltear go héagórach ón tSín, ar rothair iad a bhíonn neamhdhleathach agus neamhshábháilte go minic.

(252) Mheas an Coimisiún áfach nach bhfuil sé réalaíoch go bhféadfaí díobháil ó allmhairí rothar leictreach fóirdheonaithe ón tSín a chosc le faireachas margaidh agus bearta rialála amháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le fadhbanna forfheidhmithe custaim i ndáil le hallmhairiú comhpháirteanna rothar leictreach údar a thabhairt le foirceannadh na mbeart, a bhfuil an éifeacht bheartaithe bainte amach acu. Ar aon chuma, ní thagann forfheidhmiú na mbeart faoi raon feidhme an imscrúdaithe.

(253) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh an Grúpa *ad hoc* na maímh chéanna. D'áitigh an Grúpa gur cheart don Choimisiún díriú ar fhaireachas margaidh a neartú seachas bearta cosanta trádála a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na saobh margaidh agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú do na páirtithe leasmhara uile. De réir an Ghrúpa *ad hoc*, cruthaítear creat rialála de thaisme de bharr bearta cosanta trádála, creat rialála lena gcothaítear allmhairí rothar fo-chaighdeánaithe neamhshábháilte agus, ag an am céanna, cuirtear isteach ar bheatha monaróirí rothar leictreach ardcháilíochta ó Dhaon-Phoblacht na Síne a bhfuil uaillmhianta fadtéarmacha acu i leith mhargadh an Aontais.

(254) Mheas an Coimisiún gur tugadh aghaidh cheana in aithris (251) ar na hargóintí a d'ardaigh an Grúpa ad hoc. Ós rud é nár cuireadh aon bharúlacha nua substainteacha i láthair i leith na gcúrsaí sin, deimhníodh an chonclúid in aithris (252).

(255) D'áitigh an Grúpa *ad hoc* freisin nach dtiocfadh méadú mór ar allmhairí díobhálacha as aisghairm na mbeart cosanta trádála toisc, de réir an Ghrúpa, nach raibh bonn leis an maíomh gur mór an bhagairt iad allmhairí na Síne mar nach raibh ach sciar margaidh beag 4,4 % acu le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(256) Mheas an Coimisiún gur tháinig an méadú ar an sciar margaidh go 4,4 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nuair a bhí bearta cosanta trádála i bhfeidhm. Mar gheall ar na bearta cosanta trádála, ní bhfuair allmhairí na Síne ach 2,1 pointe céatadáin breise den sciar margaidh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ós rud é go bhfuil margadh an Aontais chomh tarraingteach sin agus i bhfianaise na hacmhainneachta táirgeachta agus na hacmhainneachta breise i nDaon-Phoblacht na Síne agus an naisc idir na praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb amhlaidh má bhíothas le bearta a aisghairm go dtiocfaidh méadú mór ar na hallmhairithe ó Dhaon-Phoblacht na Síne a dhumpáiltear ar phraghsanna díobhálacha. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(257) Thairis sin, mhaígh an Grúpa go raibh an Coimisiún ag brath ar fhaisnéis neamhfhíoraithe agus ar mhaíomh neamhfhíoraithe, rud a chuir isteach ar neamhchlaontacht an imscrúdaithe, go háirithe an fhaisnéis agus na maímh a tháinig ón iarratasóir.

(258) Mar a luaitear in aithrisí (33) agus (34), chuir an Coimisiún Airteagal 28 den bhun-Rialachán i bhfeidhm ós rud é nár leor an comhar ó tháirgeoirí rothar leictreach i nDaon-Phoblacht na Síne chun torthaí ionadaíocha a dhéanamh chun críoch an athbhreithnithe éaga seo agus i bhfianaise na heaspa comhair ó Rialtas na Síne agus ó pháirtithe ábhartha eile i nDaon-Phoblacht na Síne, chuaigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán, i muinín úsáid na bhfíoras atá ar fáil. Dá bhrí sin, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den fhóirdheonú agus an dóchúlacht go ndéanfaí an díobháil an athuair bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe faisnéis a cuireadh isteach leis an iarraidh ar athbhreithniú, faisnéis a fuarthas ó pháirtithe comhoibríocha le linn an imscrúdaithe (mar atá, an t-iarratasóir agus táirgeoirí sampláilte an Aontais), faisnéis ó thorthaí an Choimisiúin san imscrúdú bunaidh, torthaí na n-imscrúduithe frith-fhóirdheontais is déanaí a rinne an Coimisiún maidir le tionscail spreagtha sa tSín agus Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach. Rinneadh an fhaisnéis uile a chuir na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais isteach a fhíorú go críochnúil. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

### 6.3. **Leas úsáideoirí agus allmhaireoirí neamhchomhlachaithe**

(259) Níor tháinig aon úsáideoir ná allmhaireoir neamhchomhlachaithe chun tosaigh chun comhoibriú san imscrúdú seo trí fhreagra ceistneora a chur isteach, seachas an aighneacht thuasluaite. Ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil don Choimisiún, chinn sé nach raibh aon fhianaise ann a bhréagnaíonn an chonclúid san imscrúdú bunaidh nach bhféadfaí a mheas go raibh na héifeachtaí diúltacha ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe díréireach agus gur maolaíodh iad trí fhoinsí malartacha soláthair a bheith ar fáil. Éifeachtaí dearfacha na mbeart frithchúitimh ar mhargadh an Aontais, go háirithe ar thionscal an Aontais, is mó iad ná an éifeacht dhiúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar na grúpaí leasmhara eile. Go deimhin, deimhníodh san imscrúdú go bhfuil méadú ag teacht ar fhoinse soláthair eile ó thríú tíortha, i dteannta na Síne. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndéanfadh leanúint de na bearta dochar díréireach d'úsáideoirí agus ná d'allmhaireoirí.

(260) Tar éis an nochta, mhaígh páirtí leasmhar amháin, mura n-aisghairtear na bearta, go leanfar de phraghsanna níos airde ná mar is gá a ghearradh ar rothair leictreacha agus go mbeidh níos lú díobh ar fáil d'úsáideoirí. Mhaígh sé dá n-aisghairfí na bearta go dtiocfadh méadú suntasach ar dhíolacháin rothar leictreach mar thoradh ar an laghdú ar phraghas na rothar leictreach. Mheas an Coimisiún nach gá go dtiocfadh méadú ar dhíolacháin mar thoradh ar phraghsanna níos ísle, ós rud é gur critéir iad sábháilteacht, cáilíocht, iontaofacht agus seirbhís, chomh maith le praghsanna, nuair a smaoiníonn úsáideoirí ar rothar leictreach a cheannach. Chomh maith leis sin, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm, bheadh tionchar diúltach aige sin ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, rud a dhéanfadh difear don nuálaíocht agus d'éagsúlacht na dtáirgí agus a mbeadh níos lú rogha d'úsáideoirí mar thoradh air. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

### 6.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(261) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa deireadh nach raibh aon chúis láidir ann lena chinneadh nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne a choinneáil ar bun.

## 7. **BEARTA FRITH-FHÓIRDHEONTAIS**

(262) Ar bhonn na gconclúidí ar ar tháinig an Coimisiún maidir le leanúint an fhóirdheonaithe, atarlú na díobhála agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frith-fhóirdheontais ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh na Síne a choinneáil ar bun.

(263) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na ndifríochtaí i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithchúitimh aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithchúitimh aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithchúitimh is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne'.

(264) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithchúitimh aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(265) Má thagann méadú suntasach ar an méid allmhairí isteach san Aontas ó cheann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 23(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(266) Tá feidhm ag na rátaí dleachta frithchúitimh le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Síne é agus a tháirgeann na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithchúitimh aonair.

(267) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear an ráta aonair maidir le dleacht frithchúitimh i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([88]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán leasaitheach lena gcuirtear in iúl an t-athrú ar an ainm in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(268) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([89]) maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(269) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Forchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí rothar, a bhfuil troitheáin chuidithe acu, agus mótar cúnta leictreach, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, atá faoi láthair faoi chóid AC 8711 60 10 agus ex 8711 60 90 (cód TARIC 8711 60 90 10).

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithchúitimh cinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna mhonarú ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

| Tír thionscnaimh | Cuideachta | Dleacht frithchúitimh chinntitheach | Cód breise TARIC |
|---|---|---|---|
| Daon-Phoblacht na Síne | Bodo Vehicle Group Co., Ltd. | 15,1 % | C382 |
| | Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd. | 3,9 % | C383 |

([88]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, an Bheilg.

([89]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

| Tír thionscnaimh | Cuideachta | Dleacht frithchúitimh chinntitheach | Cód breise TARIC |
|---|---|---|---|
| | Jinhua Vision Industry Co., Ltd agus Yongkang Hulong Electric Vehicle Co., Ltd | 8,5 % | C384 |
| | Suzhou Rununion Motivity Co., Ltd | 17,2 % | C385 |
| | Yadea Technology Group Co., Ltd | 10,7 % | C463 |
| | Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn I | 9,2 % | Féach Iarscríbhinn I |
| | Cuideachtaí nár chomhoibrigh sa rialachán frith-fhóirdheontais bunaidh ach atá ag comhoibriú san imscrúdú frithdhumpála comhthreomhar a liostaítear in Iarscríbhinn II | 17,2 % | Féach Iarscríbhinn II |
| | Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne | 17,2 % | C999 |

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge faoi athbhreithniú) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. I gcásanna inar baineadh an dleacht frithchúitimh ón dleacht frithdhumpála le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe, cuirfear tús freisin le hiarrataí aisíocaíochta faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/1037 chun measúnú a dhéanamh ar an gcorrlach dumpála don táirgeoir onnmhairiúcháin sin atá i réim le linn thréimhse imscrúdúcháin na haisíocaíochta. Ní bheidh an méid a aisíocfar leis an iarratasóir mar aisíocaíocht níos mó ná an difríocht idir an dleacht a bailíodh agus an dleacht frithchúitimh agus frithdhumpála le chéile a suíodh san imscrúdú aisíocaíochta.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

| Ainm | Cúige | Cód breise TARIC |
|---|---|---|
| Acetrikes Bicycles (Taicang) Co., Ltd. | Jiangsu | C386 |
| Active Cycles Co., Ltd. | Jiangsu | C387 |
| Aigeni Technology Co., Ltd. | Jiangsu | C388 |
| Alco Electronics (Dongguan) Limited | Guangdong | C390 |
| Changzhou Airwheel Technology Co., Ltd. | Jiangsu | C392 |
| Changzhou Bisek Cycle Co., Ltd. | Jiangsu | C393 |
| Changzhou Fujiang Vehicle Co. Ltd | Jiangsu | C484 |
| Changzhou Rich Vehicle Technology Co., Ltd | Jiangsu | C395 |
| Changzhou Sobowo Vehicle Co., Ltd. | Jiangsu | C397 |
| Changzhou Steamoon Intelligent Technology Co., Ltd. | Jiangsu | C398 |
| Cycleman E-Vehicle Co., Ltd. | Jiangsu | C400 |
| Dongguan Benling Vehicle Technology Co., Ltd. | Guangdong | C401 |
| Dongguan Honglin Industrial Co., Ltd,<br>Melton Industrial (Dong Guan) Co., Ltd | Guangdong | C402 |
| Easy Electricity Technology Co., Ltd. | Tianjin | C451 |
| Enjoycare Technology (Zhejiang) Co., Ltd. | Zhejiang | C419 |
| Foshan Lano Bike Co., Ltd. | Guangdong | C405 |
| Foshan Zenith Sports Co., Ltd. | Guangdong | C406 |
| Guangzhou Symbol Bicycle Co., Ltd. | Guangdong | C410 |
| Hangzhou Fanzhou Technology Co., Ltd. | Zhejiang | C411 |
| Jiangsu Imi Electric Vehicle Technology Co., Ltd. | Jiangsu | C415 |
| Jiangsu Lvneng Electrical Bicycle Technology Co., Ltd. | Jiangsu | C416 |
| Jiangsu Stareyes Bicycle Industrial Co., Ltd. | Jiangsu | C417 |
| Jiaxing Onway Ev Tech Co., Ltd. | Zhejiang | C418 |
| Jinhua Feirui Vehicle Co., Ltd. | Zhejiang | C420 |
| Jinhua Jobo Technology Co., Ltd. | Zhejiang | C421 |
| Jinhua Lvbao Vehicles Co. Ltd | Zhejiang | C486 |
| Jinhua Suntide Vehicle Co., Ltd. | Zhejiang | C422 |
| Jinhua Zodin E-Vehicle Co., Ltd. | Zhejiang | C424 |
| Kenstone Metal (Kunshan) Co., Ltd. | Jiangsu | C425 |
| Komda Industrial (Dongguan) Co., Ltd. | Guangdong | C426 |
| Kunshan Sevenone Cycle Co., Ltd. | Jiangsu | C427 |
| Nantong Tianyuan Automatic Vehicle Co., Ltd. | Jiangsu | C429 |
| Ningbo Bestar Co., Ltd. | Zhejiang | C430 |
| Ningbo Lvkang Vehicle Co., Ltd. | Zhejiang | C431 |
| Ningbo Nanyang Vehicle Co., Ltd. | Zhejiang | C432 |
| Ningbo Oner Bike Co., Ltd. | Zhejiang | C433 |

| Ainm | Cúige | Cód breise TARIC |
|---|---|---|
| Ningbo Roadsan New Energy Technology Co., Ltd. | Zhejiang | C435 |
| Ningbo Zixin Bicycle Industry Co., Ltd. | Zhejiang | C437 |
| Pronordic E-Bikes Limited Company | Jiangsu | C438 |
| Shenzhen Shenling Car Co., Ltd. | Guangdong | C442 |
| Sino Lithium (Suzhou) Electric Technology Co., Ltd. | Jiangsu | C443 |
| Skyland Sport Tech Co., Ltd. | Tianjin | C444 |
| Suzhou Guoxin Group Fengyuan Imp & Exp. Co., Ltd. | Jiangsu | C446 |
| Suzhou Leisger Vehicle Co. Ltd | Jiangsu | C487 |
| Tianjin Luodeshengda Bicycle Co., Ltd. | Tianjin | C449 |
| Tianjin Upland Bicycle Co., Ltd. | Tianjin | C450 |
| Ubchoice Co., Ltd. | Guangdong | C452 |
| Wettsen Corporation | Shandong | C454 |
| Wuxi Shengda Bicycle Co., Ltd. agus Wuxi Shengda Vehicle Technology Co.,Ltd | Jiangsu | C458 |
| Wuxi United Mobility Technology Inc | Jiangsu | C459 |
| Xiangjin (Tianjin) Cycle Co., Ltd. | Tianjin | C462 |
| Yong Qi (China) Bicycle Industrial Corp | Jiangsu | C464 |
| Yongkang Juxiang Vehicle Co, Ltd. | Zhejiang | C466 |
| Yongkang Lohas Vehicle Co., Ltd. | Zhejiang | C467 |
| Yongkang Mars Vehicle Co., Ltd. | Zhejiang | C468 |
| Zhejiang Apollo Motorcycle Manufacturer Co., Ltd. | Zhejiang | C469 |
| Zhejiang Baoguilai Vehicle Co., Ltd. | Zhejiang | C470 |
| Zhejiang Goccia Electric Technology Co., Ltd. | Zhejiang | C472 |
| Zhejiang Hangpai Electric Vehicle Co. Ltd | Zhejiang | C488 |
| Zhejiang Jsl Vehicle Co., Ltd. | Zhejiang | C473 |
| Zhejiang Kaiyi New Material Technology Co., Ltd. | Zhejiang | C474 |
| Zhejiang Lianmei Industrial Co., Ltd. | Zhejiang | C475 |
| Zhejiang Tuer Vehicle Industry Co., Ltd. | Zhejiang | C477 |
| Zhejiang Xingyue Electric Vehicle Co., Ltd.<br>Zhejiang Xingyue Overfly Electric Vehicle Co., Ltd., agus<br>Zhejiang Xingyue Vehicle Co., Ltd., | Zhejiang | C478 |
| Zhongxin Power (Tianjin) Bicycle Co., Ltd. | Tianjin | C480 |

*IARSCRÍBHINN II*

| Ainm | Cúige | Cód breise TARIC |
|---|---|---|
| Aima Technology Group Co., Ltd. | Tianjin | C389 |
| Beijing Tsinova Technology Co., Ltd. | Béising | C391 |
| Changzhou Hj Pedal Co., Ltd. | Jiangsu | C394 |
| Changzhou Merry Ebike Co., Ltd. | Jiangsu | C456 |
| Changzhou Ristar Cycle Co., Ltd | Jiangsu | C396 |
| Cutting Edge Power Vehicle Int'l TJ Co., Ltd. | Tianjin | C399 |
| Eco International Elebike Co., Ltd. | Jiangsu | C403 |
| Everestt International Industries Ltd. | Jiangsu | C404 |
| Geoby Advance Technology Co., Ltd. | Jiangsu | C407 |
| Guangdong Commercial Trading Imp. & Exp. Corp., Ltd. | Guangdong | C408 |
| Guangdong Shunde Junhao Technology Development Co., Ltd. | Guangdong | C409 |
| Hangzhou Morakot E-Bike Manufacture Co., Ltd. | Zhejiang | C412 |
| Hangzhou TOP Mechanical And Electrical Technology, Co. Ltd. | Zhejiang | C413 |
| Hua Chin Bicycle & Fitness (H.Z.) Co., Ltd. | Guangdong | C414 |
| Jinhua Yifei Electric Science And Technology Co., Ltd. | Zhejiang | C423 |
| Nanjing Jincheng Machinery Co., Ltd. | Jiangsu | C428 |
| Ningbo Pugonying Vehicle Technology Co., Ltd. | Zhejiang | C434 |
| Ningbo Shenchima Vehicle Industry Co., Ltd. | Zhejiang | C436 |
| Shandong Eco Friendly Technology Co., Ltd. | Shandong | C439 |
| Shanghai Promising Int'l Trade & Logistics Co., Ltd. | Shang-hai | C440 |
| Shenzhen SanDin Cycle Co., Ltd. | Guangdong | C441 |
| Suzhou Dynavolt Intelligent Vehicle Technology Co., Ltd. | Jiangsu | C445 |
| Suzhou Joydeer E-Bicycle Co., Ltd | Jiangsu | C447 |
| Taioku Manufacturing (Jiangsu) Co., Ltd. | Jiangsu | C448 |
| Universal Cycle Corporation (Guang Zhou) | Guangdong | C453 |
| Wuxi Bashan E-Vehicle Co., Ltd. | Jiangsu | C455 |
| Wuxi METUO Vehicle Co., Ltd. | Jiangsu | C457 |
| Wuyi Simino Industry & Trade Co., Ltd. | Zhejiang | C460 |
| Wuyi Yuema Leisure Articles Co., Ltd. | Zhejiang | C461 |
| Yongkang Aijiu Industry & Trade Co., Ltd. | Zhejiang | C465 |
| Zhejiang Enze Vehicle Co., Ltd. | Zhejiang | C471 |
| Zhejiang Luyuan Electric Vehicle Co., Ltd. | Zhejiang | C476 |
| Zhongshan Qiangli Electronics Factory | Guangdong | C479 |